***(Tarchur chun réamhrialú – Cáin Bhreisluacha (CBL) – Séú Treoir 77/388/CEE – Airteagal 4(4), dara fomhír – Daoine inchánach – Féideartheacht do na Ballstáit eintitis atá neamhspleách ó thaobh dlí ach a bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile i dtéarmaí airgeadais, eacnamaíocha agus eagraíochtúla(“grúpa CBL”) a mheas mar dhuine aonair inchánach – Reachtaíocht náisiúnta lena sainítear cuideachta rialaithe an ghrúpa CBL mar an t-aon duine inchánach – Coincheap “dlúthbhaint airgeadais” – Gá go mbeadh tromlach cearta vótála ag an gcomhlacht rialaithe, chomh maith le tromlach rannpháirteach – Neamhláithreacht – Measúnú ar neamhspleáchas eintitis eacnamaíoch bunaithe ar chritéir chaighdeánaithe – Raon feidhme)***

(2023/C 35/02)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis.*

## An chúirt a rinne an tarchur

Bundesfinanzhof

## Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Finanzamt Kiel

*Cosantóir:* Norddeutsche Gesellschaft für Diakonie mbH

## An chuid oibríochtúil

1) Maidir leis an dara fomhír d’Airteagal 4(4) den Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais – Comhchóras cánach breisluacha: bonn aonfhoirmeach measúnaithe, arna leasú ag Treoir 2000/65/CE ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2000,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc ar Bhallstát cuideachta rialaithe grúpa, arna fhoirmiú ag daoine atá neamhspleách ó thaobh dlí ach a bhfuil dlúthcheangal acu lena chéile i dtéarmaí airgeadais, eacnamaíocha agus eagraíochtúla, a ainmniú mar dhuine aonair inchánach, i gcás ina bhfuil an chuideachta sin in ann a thoil a fhorchur ar na heintitis eile atá mar chuid den ghrúpa sin agus ar choinníoll nach bhfuil riosca caillteanais chánach i gceist leis an ainmniú sin.

2) Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 4(4) den Séú Treoir 77/388, arna leasú ag an Treoir 2000/65,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta a fhágann gur féidir le heintiteas áirithe grúpa a fhoirmiú, le gnóthas na cuideachta rialaithe, arna fhoirmiú ag daoine atá neamhspleách ó thaobh dlí ach a bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile i dtéarmaí airgeadais, eacnamaíocha agus eagraíochtúla, faoi réir an choinníll go mbeidh tromlach na gceart vótála ag an gcuideachta sin san eintiteas sin sa bhreis ar shealúchas tromlaigh i gcaipiteal an eintitis sin.

3) Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 4(4) den Séú Treoir 77/388, arna leasú ag Treoir 2000/65, arna léamh i gcomhar leis an gcéad fhómhír d'Airteagal 4(1) de Threoir 77/388, arna leasú,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc ar Bhallstát eintitis ar leith a aicmiú, trí chatagóiriú, mar eintitis nach bhfuil neamhspleách, i gcás ina ndéantar na heintitis sin a chomhtháthú i dtéarmaí airgeadais, eacnamaíocha agus eagraíochtúla i gcuideachta rialaithe grúpa arna fhoirmiú ag daoine atá neamhspleách ó thaobh dlí ach a bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile i dtéarmaí airgeadais, eacnamaíocha agus eagraíochtúla.

---

[1] IO C 222, 06.07.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 1 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzhof – an Ghearmáin) – Finanzamt T v S**

**(Cás C-269/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Cáin Bhreisluacha (CBL) – Séú Treoir 77/388/CEE – Airteagal 4(4), dara fomhír – Daoine inchánach – Féideartheacht do na Ballstáit eintitis atá neamhspleách ó thaobh dlí ach a bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile i dtéarmaí airgeadais, eacnamaíocha agus eagraíochtúla ("grúpa CBL") a mheas mar dhuine aonair inchánach – Reachtaíocht náisiúnta lena sainítear cuideachta rialaithe an ghrúpa CBL mar an t-aon duine inchánach – Seirbhísí inmheánacha sa ghrúpa CBL – Airteagal 6(2)(b) – Seirbhísí a chuirtear ar fáil saor in aisce – Coincheap "críocha nach críocha an ghnó iad")***

(2023/C 35/03)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis.*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesfinanzhof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Finanzamt T

*Cosantóir:* S

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 4(4) den Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais – Comhchóras cánach breisluacha: bonn aonfhoirmeach measúnaithe,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc ar Bhallstát cuideachta rialaithe grúpa, arna fhoirmiú ag daoine atá neamhspleách ó thaobh dlí ach a bhfuil dlúthcheangal acu lena chéile i dtéarmaí airgeadais, eacnamaíocha agus eagraíochtúla, a ainmniú mar dhuine aonair inchánach, i gcás ina bhfuil an chuideachta sin in ann a thoil a fhorchur ar na heintitis eile atá mar chuid den ghrúpa sin agus ar choinníoll nach bhfuil riosca caillteanais chánach i gceist leis an ainmniú sin.

2) Maidir le dlí an Aontais,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcás eintiteas arb é an t-aon duine inchánach amháin é de ghrúpa arna fhoirmiú ag daoine atá neamhspleách ó thaobh dlí ach a bhfuil dlúthcheangal acu lena chéile i dtéarmaí airgeadais, eacnamaíocha agus eagraíochtúla, agus a dhéanann, ar an gcéad dul síos, gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil sé ina dhuine inchánach ina leith agus, ar an dara dul síos, gníomhaíochtaí a a dtugann sé fúthu i bhfeidhmiú cumhachtaí poiblí, nach meastar ina leith gur duine inchánach é i leith cáin bhreisluacha faoi Airteagal 4(5) den Séú Treoir, ní féidir cáin a ghearradh faoi Airteagal 6(2)(b) den Treoir sin ar sholáthar seirbhísí ag eintiteas atá ina chuid den ghrúpa sin i dtaca leis an bhfeidhmiú cumhachtaí sin.

(1) IO C 297, 07.09.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Bundesgerichtshof, an Ghearmáin) – TU, RE v Google LLC**

**(Cás C-460/20)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil – Treoir 95/46/CE – Airteagal 12(b) – Airteagal 14(1)(a) – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagal 17(3)(a) – Úsáid a bhaint as inneall cuardaigh idirlín – Cuardaigh ar bhonn ainm duine – Nasc chuig ailt ina bhfuil faisnéis a líomhnaítear a bheith míchruinn i liosta na dtorthaí cuardaigh a thaispeáint – Taispeáint grianghraf mar mhionsamhlacha (thumbnails) i gceann de na hailt sin i liosta na dtorthaí a bhaineann le cuardach íomhánna – Iarraidh ar dhíliostú a sheoltar chuig oibreoir innill cuardaigh – Cothromaíocht a bhaint amach idir na cearta bunúsacha – Airteagail 7, 8, 11 agus 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Oibleagáidí agus freagrachtaí a bhfuil feidhm acu maidir le hoibreoir an innill cuardaigh agus é ag déileáil le hiarraidh ar dhíliostú – Dualgas cruthúnais ar an iarratasóir ar dhíliostú)***

(2023/C 35/04)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* TU, RE

*Cosantóir:* Google LLC

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 17(3)(a) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)

a léiriú sa chaoi go gciallaíonn sé,

i gcomhthéacs na cothromaíochta nach mór a bhaint amach idir na cearta dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ar thaobh amháin, agus na cearta a leagtar amach in Airteagail 11 de Chairt um Chearta Bunúsacha, ar an taobh eile, chun críocha scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar dhíliostú le hoibreoir innill cuardaigh lena n-iarrtar go scriosfar ó thorthaí cuardaigh an nasc chuig ábhar ina bhfuil líomhaintí a mheasann an duine a rinne an tarchur a bheith míchruinn, níl an díliostú sin faoi réir an choinníll go ndearnadh ceist chruinneas an ábhair atá i gceist a réiteach go sealadach ar a laghad i gcaingean arna tabhairt ag an duine sin i gcoinne sholáthraí an ábhair sin.

2) Ní mór Airteagal 12(b) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 14(a) de Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine nadúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus Airteagal 17(3)(a) de Rialachán (AE) 2016/679

a léiriú sa chaoi go gciallaíonn sé,

i gcomhthéacs na cothromaíochta nach mór a bhaint amach idir na cearta dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha, ar thaobh amháin, agus na cearta a leagtar amach in Airteagail 11 de Chairt um Chearta Bunúsacha, ar an taobh eile, chun críocha scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar dhíliostú le hoibreoir innill cuardaigh chun go scriosfar grianghraif ó thorthaí cuardaigh íomhánna, arna ndéanamh ar bhonn ainm duine nádúrtha, ar grianghraif iad atá i bhfoirm mionsamhlacha lena dtaispeántar an duine sin, nach mór luach faisnéiseach na ngrianghraf sin beag beann ar an gcomhthéacs ina bhfoilsítear iad ar an leathanach gréasáin óna mbaintear iad, ach agus aird chuí á tabhairt ar aon ghné théacsúil a ghabhann go díreach le taispeáint na ngrianghraf seo sna torthaí cuardaigh agus lenar dócha go soiléireofar luach faisnéiseach na ngrianghraf sin.

([1]) IO C 443, 21.12.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 1 Nollaig 2022 – Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) v Guillaume Vincenti**

**(Cás C-653/20 P)** ([1])

***(Achomharc – Státseirbhís – Oifigigh – Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh – Airteagal 45(1) – Ardú céime – Cinneadh gan ardú céime a thabhairt d'oifigeach – Airteagal 41(1) agus (2)(a) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Ceart chun éisteacht a fháil – Oibleagáid cúiseanna a lua)***

(2023/C 35/05)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis.*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) (ionadaithe: A. Lukošiūtė agus K. Tóth, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó B. Wägenbaur, Rechtsanwalt)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Guillaume Vincenti (ionadaí: H. Tettenborn, i gcáil Gníomhaire)

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) na costais a íoc.

([1]) IO C 148, 26.04.2021.

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Grondwettelijk Hof, an Bheilg) – Orde van Vlaamse Balies, IG, Belgian Association of Tax Lawyers, CD, JU v Vlaamse Regering**

**(Cás C-694/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhar riaracháin i réimse an chánachais – Uathmhalartú faisnéise sainordaitheach i ndáil le socruithe infhógartha trasteorann – Treoir 2011/16/AE, arna leasú le Treoir (AE) 2018/822 – Airteagal 8ab(5) – Bailíocht – Rúndacht ghairmiúil an dlíodóra – Tarscaoileadh ón oibleagáid tuairiscithe ar mhaithe leis an dlíodóir atá faoi réir rúndacht ghairmiúil – Oibleagáid ar an dlíodóir idirghabhálaí seo fógra a thabhairt d'aon idirghabhálaí eile nach é a chliant é faoi na hoibleagáidí tuairiscithe atá air – Airteagail 7 agus 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh)***

(2023/C 35/06)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Grondwettelijk Hof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Orde van Vlaamse Balies, IG, Belgian Association of Tax Lawyers, CD, JU

*Cosantóir:* Vlaamse Regering

**An chuid oibríochtúil**

Tá Airteagal 8ab(5) de Threoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE, arna leasú le Treoir (AE) 2018/822 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2018, neamhbhailí i bhfianaise Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a mhéid atá sé d'éifeacht ag a chur i bhfeidhm ag na Ballstáit go gceanglófar ar dhlíodóir a ghníomhaíonn mar idirghabhálaí, de réir bhrí Airteagal 3(21) den Treoir sin, arna leasú, i gcás ag a bhfuil tarscaoileadh ón oibleagáid tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 8ab(1) den Treoir sin aige, de bharr rúndacht ghairmiúil a bhfuil sé faoi cheangal, fógra a thabhairt gan mhoill do gach aon idirghabhálaí eile nach bhfuil ina chliant dó faoi na hoibleagáidí tuairiscithe atá air de bhua Airteagal 8ab(6).

[1] IO C 128, 12.04.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Administrativen sad – Blagoevgrad – an Bhulgáir) – VS v Inspektor v Inspektorata kam Visshia sadeben savet**

**(Cás C-180/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint daoine nádúrtha i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagail 2, 4 agus 6 – Infheidhmeacht Rialachán 2016/679 – Coincheap maidir le "leas dlisteanach" – Coincheap maidir le "cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil" – Treoir (AE) 2016/680 – Airteagail 1, 3, 4, 6 agus 9 – Dlíthiúlacht phróiseáil na sonraí pearsanta arna mbailiú le linn imscrúdaithe choiriúil – Próiseáil ina dhiaidh sin ar shonraí a bhaineann le híospartach a thoimhdítear i gcion coiriúil chun cúiseamh foirmiúil a dhéanamh ina leith – Coincheap na críche "seachas an chríoch dar bailíodh na sonraí pearsanta" – Sonraí a úsáideann oifig an ionchúisitheora phoiblí de chuid Ballstáit dá chosaint i gcaingean le haghaidh damáistí i gcoinne an Stáit)***

(2023/C 35/07)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Administrativen sad – "Blagoevgrad"

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* VS

*Cosantóir:* Inspektor v Inspektorata kam Visshia sadeben savet

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Teritorialno otdelenie – Petrich kam Rayonna prokuratura – Blagoevgrad

**An chuid oibríochtúil**

1. Maidir le hAirteagal 1(1) de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4(2) agus Airteagal 6 de,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   (i) go bhfónann próiseáil sonraí pearsanta do chuspóir seachas an chríoch ar bailíodh na sonraí sin ina leith, i gcás inar bailíodh na sonraí sin chun cion cóiriúil a bhrath agus a imscrúdú, ach go ndéantar an phróiseáil sin chun duine a ionchúiseamh tar éis an t-imscrúdú coiriúil atá i gceist a thabhairt i gcrích, gan beann ar an bhfíoras gur measadh gur íospartach an duine sin tráth an bhailithe sin, agus (ii) go gceadaítear próiseáil den sórt sin de bhun Airteagal 4(2) den Treoir sin, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos san fhoráil sin.

2. Maidir le hAirteagal 3(8) agus Airteagal 9(1) agus (2) de Threoir 2016/680 agus Airteagal 2(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí),

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   tá an Rialachán sin infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag oifig an ionchúisitheora phoiblí de chuid Ballstáit chun críche a chearta cosanta a fheidhmiú i gcaingean le haghaidh damáistí i gcoinne an Stáit, más rud é, ar an gcéad dul síos, go gcuireann sé an chúirt a bhfuil dlínse aici ar an eolas faoi oscailt comhad a bhaineann le duine nádúrtha is páirtí sa chaingean sin chun na gcríoch a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Threoir 2016/680 agus, ar an dara dul síos, go dtarchuireann sé na comhaid sin chuig an gcúirt sin.

3. Maidir le hAirteagal 6(1) de Rialachán 2016/679,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   i gcás ina bhfuil caingean le haghaidh damáistí i gcoinne an Stáit bunaithe ar mhí-iompar líomhnaithe ag oifig an ionchúisitheora phoiblí i gcomhlíonadh a chúraimí in ábhair choiriúla, féadfar a mheas go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta den sórt sin dleathach más gá leis sin chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail, de réir bhrí phointe (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) den Rialachán sin, chun leasanna dlíthiúla agus airgeadais an Stáit a thagann faoi oifig an ionchúisitheora phoiblí sna himeachtaí sin a chosaint, ar choinníoll go gcomhlíonann an phróiseáil sonraí pearsanta sin na ceanglais infheidhme go léir dá bhforáiltear leis an Rialachán sin.

(1) IO C 206, 31.5.2021.

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgerichtshof – an Ostair) – Luxury Trust Automobil GmbH v Finanzamt Österreich**

**(Cás C-247/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Cáin bhreisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 42(a) – Airteagal 197(1)(c) – Airteagal 226(11a) – Airteagal 141 – Díolúine – Idirbheart triantánach – Faighteoir deiridh soláthair a ainmniú mar fhaighteoir deiridh atá faoi dhliteanas i leith CBL – Sonrascadh – Tagairt do "muirear freaschurtha" – Éigeantach – An tagairt sin ar iarraidh ar shonrasc – Ceartú cúlghabhálach an tsonraisc)***

(2023/C 35/08)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Luxury Trust Automobil GmbH

*Cosantóir:* Finanzamt Österreich

**An chuid oibríochtúil**

1. Maidir le hAirteagal 42(a) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, arna leasú le Treoir 2010/45/AE ón gComhairle an 13 Iúil 2010, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 197(1)(c) de Threoir 2006/112, arna leasú,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   in idirbheart triantánach, níor ainmníodh an custaiméir deiridh go bailí mar chustaiméir atá faoi dhliteanas i leith na cánach breisluacha (CBL) i gcás nach bhfuil na focail "Muirear freascurtha", dá dtagraítear in Airteagal 226(11a) de Threoir 2006/112, arna leasú, sa sonrasc a eisíonn an t-idirghabhálaí a fhaigheann na hearraí,.

2. Maidir le hAirteagal 226(11a) de Threoir 2006/112, arna leasú le Treoir 2010/45,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   i gcás nach bhfuil na focail "Muirear freaschurtha" ar sonrasc, mar a cheanglaítear faoin bhforáil sin, ní fhéadfar sin a cheartú ina dhiaidh sin trí ráiteas a chur leis go mbaineann an sonrasc sin le hidirbheart triantánach laistigh den Chomhphobal agus go n-aistrítear an dliteanas cánach chuig an duine a ndéantar an soláthar chuige.

[1] IO C 263, 5.7.2022.

**Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski gradski sad – an Bhulgáir) – imeachtaí coiriúla i gcoinne HYA, IP, DD, ZI, SS**

**(Cás C-348/21)** ([1])

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Treoir (AE) 2016/343 – Gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart a bheith i láthair ag triail in imeachtaí coiriúla a neartú – Airteagal 8(1) – Ceart an chúisí freastal ar a thriail – Airteagal 47, dara mír, agus Airteagal 48(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An ceart chun triail chóir a fháil agus cearta na cosanta – Ceistiú finnéithe ionchúisimh in éagmais an chúisí agus a dhlíodóra le linn na réamhchéime de na himeachtaí coiriúla – Dodhéanta finnéithe ionchúisimh a cheistiú le linn na céime breithiúnaí de na himeachtaí sin – Reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear do chúirt choiriúil a cinneadh a bhunú ar fhianaise na bhfinnéithe sin a bailíodh roimh ré)*

(2023/C 35/09)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sofiyski gradski sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

HYA, IP, DD, ZI, SS

*Páirtí leasmhar:* Spetsializirana prokuratura

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 8(1) de Threoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47, an dara mír, agus Airteagal 48(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis ar chur i bhfeidhm reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear do chúirt náisiúnta, nuair nach féidir finné ionchúisimh a cheistiú le linn na céime breithiúnaí d'imeachtaí coiriúla, a cinneadh maidir le ciontacht nó neamhchiontacht an chúisí a bhunú ar fhianaise an fhinné sin arna bailiú le linn éisteachta os comhair breithimh le linn réamhchéim na n-imeachtaí sin, ach gan rannpháirtíocht an chúisí ná a dhlíodóra, mura bhfuil cúis thromchúiseach ann lena dtugtar údar do neamhláithreacht an fhinné le linn na céime breithiúnaí de na himeachtaí coiriúla, nuair nach é ceistiú an fhinné sin an bonn amháin nó an bonn cinntitheach chun an cúisí a ionchúiseamh, agus gurb ann do ghnéithe cúiteacha leordhóthanacha chun na deacrachtaí arna gcruthú don duine sin agus dá dhlíodóir mar gheall ar chur san áireamh na fianaise sin a mhaolú.

([1]) IO C 338, 23.08.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 1 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Landgericht München I – an Ghearmáin) – DOMUS-Software-AG v Marc Braschoß Immobilien GmbH**

**(Cás C-370/21)** ([1])

*(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2011/7/AE – Cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála – Cúiteamh as costais aisghabhála arna dtabhú ag an gcreidiúnaí i gcás íocaíocht dhéanach ag an bhféichiúnaí – Airteagal 6 – Cnapshuim íosta EUR 40 – Moill ar roinnt íocaíochtaí le haghaidh soláthar earraí nó seirbhísí de chineál tréimhsiúil arna ndéanamh faoi chonradh aonair a fhorghníomhú)*

(2023/C 35/10)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis.*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht München I

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* DOMUS-Software-AG

*Cosantóir:* Marc Braschoss Immobilien GmbH

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 6(1) de Threoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 den Treoir sin,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcás ina ndéantar foráil i gconradh aonair maidir le seachadtaí earraí nó soláthar seirbhísí de chineál tréimhsiúil, a bhfuil gach ceann díobh le híoc laistigh de thréimhse shonraithe, beidh an chnapshuim íosta de EUR 40 mar chúiteamh ar chostais aisghabhála iníoctha don chreidiúnaí ar gach íocaíocht dhéanach.

([1]) IO C 349, 30.08.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Seachtú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzgericht – an Ostair) – P GmbH v Finanzamt Österreich**

**(Cás C-378/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhchuibhiú reachtaíochta cánach – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CÉ – Airteagal 203 – Coigeartú ar thuairisceán CBL – Faighteoirí seirbhísí nach bhfuil i dteideal asbhaint – Easpa baol go gcaillfear ioncam cánach)***

(2023/C 35/11)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesfinanzgericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* P GmbH

*Cosantóir:* Finanzamt Österreich

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 203 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, arna leasú le Treoir 2016/1065 ón Comhairle an 27 Meitheamh 2016,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

níl duine inchánach a chur seirbhís ar fáil agus a luaigh, ar a shonrasc, méid cánach breisluacha (CBL) arna ríomh ar bhonn ráta mícheart faoi dhliteanas, faoin bhforáil sin, as an gcuid den CBL a sonraíodh go héagórach mura bhfuil aon bhaol ann go gcaillfear ioncam cánach ar an bhforas gur tomhaltóirí deiridh amháin iad faighteoirí na seirbhíse sin nach bhfuil ceart acu CBL ionchuir a asbhaint.

([1]) IO C 349, 30.08.2021.

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 1 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Varhoven administrativen sad – an Bhulgáir) – DELID EOOD v Izpalnitelen direktor na Darzhaven fond “Zemedelie”**

**(Cás C-409/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) – Maoiniú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) – Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 – Cabhair infheistíochta – Reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear de choinníoll le deonú na tacaíochta go ndéanfaidh an duine a dhéanann iarratas ar thacaíocht deimhniú clárúcháin saoráide beostoic in ainm an duine sin a thíolacadh agus go dtaispeánann sé gur ionann, ar dháta chur isteach an iarratais, aschur ghabhháltais talmhaíochta an duine sin agus EUR 8 000 ar a laghad.)***

(2023/C 35/12)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris.*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Varhoven administrativen sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* DELID EOOD

*Cosantóir:* Izpalnitelen direktor na Darzhaven fond “Zemedelie”

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) 2017/2393 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear de choinníoll le deonú na tacaíochta dá dtagraítear san fhoráil sin go ndéanfaidh an t-iarratasóir deimhniú clárúcháin saoráide beostoic ina ainm a thíolacadh.

2) Maidir le hAirteagal 17 de Rialachán Uimh. 1305/2013, arna leasú le Rialachán 2017/2393,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear de choinníoll le deonú na tacaíochta dá dtagraítear san fhoráil sin go dtaispeánfaidh an t-iarratasóir gur ionann, ar dháta chur isteach an iarratais, aschur ghabhháltais talmhaíochta an duine sin agus EUR 8 000 ar a laghad.

[1] IO C 401, 04.10.2021.

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 1 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy dla m.st. Warszawy w Warszawie – an Pholainn) – X sp. z o.o., sp. k. v Z**

**(Cás C-419/21)** ([1])

*(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2011/7/AE – Cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála – Airteagal 2, pointe (1) – Coincheap "idirbhearta tráchtála" – Cúiteamh as costais aisghabhála arna dtabhú ag an gcreidiúnaí i gcás íocaíocht dhéanach ag an bhféichiúnaí – Airteagal 6 – Cnapshuim íosta EUR 40 – Moill ar roinnt íocaíochtaí le haghaidh soláthar earraí nó seirbhísí arna ndéanamh faoi chonradh aonair a fhorghníomhú)*

(2023/C 35/13)

*Teanga an cháis: an Pholainnis.*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Rejonowy dla m.st. Warszawy w Warszawie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* X sp. Z o.o., sp. k.

*Cosantóir:* Z

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le hAirteagal 2, pointe (1), de Threoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cumhdaíonn an coincheap "idirbhearta tráchtála" atá le feiceáil ann gach ceann de na soláthairtí leanúnacha earraí nó seirbhísí, a dhéantar a fhorghníomhú faoi chonradh aonair.

2) Maidir le hAirteagal 6(1) de Threoir 2011/7, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 den Treoir sin,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcás ina ndéantar foráil i gconradh aonair maidir le seachadtaí earraí nó soláthar seirbhísí leanúnacha, a bhfuil gach ceann díobh le híoc laistigh de thréimhse shonraithe, beidh an chnapshuim íosta de EUR 40 mar chúiteamh ar chostais aisghabhála iníoctha don chreidiúnaí ar gach íocaíocht dhéanach.

([1]) IO C 490, 06.12.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 1 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Fővárosi Törvényszék – an Ungáir) – Aquila Part Prod Com S.A v Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága**

**(Cás C-512/21)** ([1])

*(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 168 – Ceart CBL a asbhaint – Prionsabail na neodrachta cánach, na héifeachtachta agus na comhréireachta – Calaois – Fianaise – Dualgas cúraim an duine inchánach – Breithniú ar shárú oibleagáidí a eascraíonn as forálacha náisiúnta agus as dlí an Aontais a bhaineann le sábháilteacht an bhiashlabhra – Sainordú tugtha ag an duine inchánach do thríú páirtí chun na hidirbheartaarna ngearrtar cáin a dhéanamh – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 47 – Ceart chun triail chóir a fháil)*

(2023/C 35/14)

*Teanga an cháis: an Ungáiris.*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Fővárosi Törvényszék

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Aquila Part Prod Com S.A

*Cosantóir:* Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

— i gcás ina mbeartaíonn an t-údarás cánach ceart a dhiúltú do dhuine inchánach cáin bhreisluacha ionchuir (CBL) a asbhaint ar an bhforas go raibh baint ag an duine inchánach le calaois rothlach CBL, cuirtear cosc ar an údarás cánach sin gan ach a shuíomh go bhfuil an t-idirbheart sin ina chuid de slabhra sonraiscthe ciorclach;

— is faoin údarás cánach sin, ar an gcéad dul síos, tuairisc bheacht a thabhairt ar na gnéithe a chomhdhéanann an chalaois agus an t-iompar calaoiseach a chruthú agus, ar an dara dul síos, a shuí go raibh an duine inchánach rannpháirteach go gníomhach sa chalaois sin nó go raibh a fhios aige nó gur cheart go mbeadh a fhios aige go raibh baint ag an idirbheart a rabhthas ag brath air mar bhonn leis an gceart sin leis an gcalaois sin, rud a chiallaíonn nach gá go ndéanfaí na gníomhaithe go léir a bhfuil baint acu leis an gcalaois agus gníomhaíochtaí na bpáirtithe sin faoi seach a shainaithint.

2) Maidir le Treoir 2006/112,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

— i gcás ina ndeir an t-údarás cánach go raibh baint ghníomhach ag an duine inchánach le himghabháil cánach breisluacha d'fhonn an ceart asbhainte a dhiúltú, ní chuirtear cosc ar an údarás cánach sin an diúltú sin a bhunú, sa bhreis air sin nó mar mhalairt air sin, ar fhianaise nach bhfuil an rannpháirtíocht sin cruthaithe léi, ach go bhféadfadh a fhios a bheith ag an duine inchánach sin, trí gach dúthracht chuí a fheidhmiú, go raibh baint ag an idirbheart lena mbaineann leis an gcalaois sin;

— ní leor an fhíric go raibh comhaltaí an tslabhra soláthair, a bhfuil an t-idirbheart sin mar chuid de, ar an eolas faoina chéile chun a shuí gur ghlac an duine inchánach páirt sa chalaois.

3) Maidir le Treoir 2006/112, arna léamh i gcomhar le prionsabal na comhréireachta,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

— i gcás ina bhfuil tásca ann as a n-eascraíonn amhras faoi neamhrialtachtaí nó calaois, ní chuirtear cosc ar cheanglas a chur ar an duine inchánach níos mó dúthrachta a fheidhmiú chun a áirithiú nach mbeidh sé rannpháirteach i gcalaois mar gheall ar an idirbheart a dhéanann sé;

— ní fhéadfar a cheangal air, áfach, seiceálacha casta críochnúla a dhéanamh, amhail na seiceálacha sin a fhéadfaidh na húdaráis chánach a dhéanamh;

— is faoin gcúirt náisiúnta atá sé a chinneadh an bhfuil, i bhfianaise imthosca uile an cháis, dúthracht leordhóthanach léirithe ag an duine inchánach agus an bhfuil na bearta déanta aige a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uaidh le réasún sna himthosca sin.

4) Maidir le Treoir 2006/112,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

— cuirtear cosc ar an údarás cánach diúltú cead a thabhairt do dhuine inchánach an ceart a fheidhmiú cáin bhreisluacha (CBL) a asbhaint ar an bhforas amháin gur mhainnigh sé na hoibleagáidí a eascraíonn as forálacha náisiúnta nó dlí an Aontais a bhaineann le sábháilteacht an bhiashlabhra a chomhlíonadh;

— d'fhéadfadh mainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, áfach, a bheith ina toisc amháin, i measc tosca eile, a d'fhéadfadh an t-údarás cánach a chur san áireamh chun a shuíomh gurb ann do chalaois CBL agus rannpháirtíocht an duine inchánach sin sa chalaois sin, fiú in éagmais cinneadh roimh ré ón gcomhlacht riaracháin atá inniúil chun sárú den sórt sin a chinneadh.

5) Maidir leis an gceart chun triail chóir a fháil, atá cumhdaithe in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc ar an gcúirt a éisteann an t-achomharc in aghaidh chinneadh an údaráis chánach sárú ar na hoibleagáidí sin a chur san áireamh, mar fhianaise gur ann do chalaois chánach breisluacha nó do rannpháirtíocht an duine inchánach sa chalaois sin, más féidir agóid a dhéanamh i gcoinne na fianaise sin agus díospóireacht a dhéanamh uirthi i gcomhpháirt os a comhair.

6) Maidir le Treoir 2006/112 agus prionsabal na neodrachta cánach,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leo ar chleachtas cánach trína gcuireadh san áireamh, d'fhonn an ceart a shéanadh ar dhuine inchánach asbhaint a dhéanamh ar an bhforas go raibh sé rannpháirteach i gcalaois chánach breisluacha, go raibh ionadaí dlíthiúil ghníomhaire an duine inchánach ar an eolas faoi na fíorais arb ionann iad agus an chalaois sin, beag beann ar na rialacha náisiúnta is infheidhme lena rialaítear an sainordú agus téarmaí na cumhachta aturnae a tugadh i gcrích sa chás seo.

---

([1]) IO C 471, 22.11.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 1 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgericht Wiesbaden – an Ghearmáin) – BU v Bundesrepublik Deutschland**

**(Cás C-564/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Cearta bunúsacha – Ceart chun leighis éifeachtaigh – Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Beartas tearmainn – Treoir 2013/32/AE – Airteagail 11(1), 23(1) agus 46(1) agus (3) – Rochtain ar an bhfaisnéis ar chomhad an iarratasóra – Comhláine an chomhaid – Meiteashonraí – An comhad sin a chur in iúl i bhfoirm comhaid aonair leictreonacha neamhstruchtúrtha – Faisnéis i scríbhinn – Cóip dhigiteach den chinneadh le síniú lámhscríofa – An comhad leictreonach a choinneáil gan comhad páipéir a chur i gcartlann)***

(2023/C 35/15)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis.*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgericht Wiesbaden

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* BU

*Cosantóir:* Bundesrepublik Deutschland

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le hAirteagail 23(1) agus 46(1) agus (3) de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leo ar chleachtas riaracháin náisiúnta lena ndéanann an t-údarás riaracháin, tar éis dó rialú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, cóip den chomhad leictreonach a bhaineann leis an iarratas sin a chur in iúl d'ionadaí an iarratasóra i bhfoirm sraithe de chomhaid ar leith i bhformáid PDF (Portable Document Format), gan uimhriú leanúnach na leathanach, agus ar féidir féachaint ar a struchtúr trí úsáid a bhaint as bogearraí in aisce atá ar fáil go héasca ar an idirlíon, ar choinníoll, ar an gcéad dul síos, go ráthaíonn an modh cumarsáide seo rochtain ar an bhfaisnéis go léir atá ábhartha maidir le cosaint an iarratasóra, atá san áireamh sa chomhad seo, ar a ndearnadh an cinneadh a bhaineann leis an iarratas sin, agus, ar an dara dul síos, go dtugann an modh cumarsáide sin léiriú chomh dílis agus is féidir ar struchtúr agus ar chroineolaíocht an chomhaid sin, faoi réir cásanna ina gcoisceann cuspóirí leasa ghinearálta faisnéis áirithe a nochtadh d'ionadaí an iarratasóra.

2) Maidir le hAirteagal 11(1) de Threoir 2013/32,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní gá cinneadh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a bheith sínithe ag oifigeach an údaráis inniúil a ghlac an cinneadh sin chun go measfar é a bheith curtha in iúl i scríbhinn de réir bhrí na forála sin.

---

([1]) IO C 11, 10.01.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 1 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bayerisches Verwaltungsgericht Ansbach – an Ghearmáin) – LSI – Germany GmbH v Freistaat Bayern**

**(Cás C-595/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí – Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 – Airteagal 17 agus Iarscríbhinn VI, Cuid A, pointe 4 – "Ainm an bhia" – "Ainm an táirge" – Faisnéis éigeantach ar lipéadú earraí bia – Comhchuid nó comhábhar a úsáidtear don ionadú iomlán nó páirteach den mhéid sin a mbíonn súil ag tomhaltóirí gurb í nó gurb é is iondúil a bhíonn á úsáid nó a bhíonn in earra bia)***

(2023/C 35/16)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis.*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bayerisches Verwaltungsgericht Ansbach

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* LSI – Germany GmbH

*Cosantóir:* Freistaat Bayern

**An chuid oibríochtúil**

Maidir leis na forálacha d'Airteagal 17(1), (4) agus (5) agus Iarscríbhinn VI, Cuid A, pointe 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

níl brí ar leith ag an téarma “ainm an táirge” i bpointe 4 de Chuid A d’Iarscríbhinn VI atá éagsúil leis an téarma “ainm an bhia”, dá dtagraítear in Airteagal 17(1) den Rialachán sin, agus, mar thoradh air sin, níl feidhm ag na ceanglais lipéadaithe speisialta dá bhforáiltear i bpointe 4 de Chuid A d’Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin maidir leis an “ainm a dhéantar a chosaint mar mhaoin intleachtúil”, an “ainm branda” nó an “ainm maisiúil” dá dtagraítear in Airteagal 17(4) den Rialachán sin.

(1) IO C 502, 13.12.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Naoú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour de cassation – an Fhrainc) – QE v Caisse régionale de Crédit mutuel de Loire-Atlantique et du Centre Ouest**

**(Cás C-600/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóirí – Treoir 93/13/CÉ – Airteagal 3(1) – Airteagal 4 – Critéir chun éagothromaíocht téarma a mheas – Téarma a bhaineann le téarma comhaontaithe iasachta a fhorghéilleadh – Díolúine chonarthach ón gceanglas maidir le héileamh foirmiúil scríofa)***

(2023/C 35/17)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour de cassation

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* QE

*Cosantóir:* Caisse régionale de Crédit mutuel de Loire-Atlantique et du Centre Ouest

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór breithiúnas an 26 Eanáir 2017, Banco Primus (C-421/14, EU:C:2017:60), a léirmhíniú sa chaoi nach bhféadfaí na critéir arna leagan síos ann chun éagothromaíocht téarma conarthach a mheas, de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóirí, go háirithe, an éagothroime shuntasach idir cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe sa chonradh a chruthaíonn an téarma sin chun aimhleasa an tomhaltóra, a thuiscint mar chritéir charnacha ná mar chritéir mhalartacha, ach ní mór a thuiscint gur cuid de na himthosca go léir a bhaineann leis an gconradh lena mbaineann a chur i gcrích iad, a chaithfidh an chúirt náisiúnta a scrúdú d’fhonn éagothromaíocht téarma conarthach, de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 93/13, a mheas.

2) Maidir le hAirteagail 3(1) agus 4 de Threoir 93/13

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   féadfaidh moill níos mó ná 30 lá maidir le tráthchuid iasachta a íoc, i bprionsabal, ag féachaint do fhad agus do mhéid na hiasachta, a bheith ina neamhchomhlíonadh sách tromchúiseach den chonradh iasachta ann féin, de réir bhrí bhreithiúnas an 26 Eanáir 2017, Banco Primus (C-421/14, EU:C:2017:60).

3) Maidir le hAirteagail 3(1) agus 4 de Threoir 93/13

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   faoi réir infheidhmeacht Airteagal 4(2) den Treoir sin, cuirtear bac leo ar na páirtithe i gconradh iasachta clásal a chur isteach ann lena bhforáiltear go sainráite agus gan athbhrí go bhféadfar téarma an chomhaontaithe sin a fhorghéilleadh ipso jure i gcás íocaíocht a dhéanamh níos déanaí ná tréimhse áirithe, a mhéid nach ndearnadh idirbheartaíocht ar leith ar an téarma sin agus nach gcruthaíonn sé éagothroime shuntasach idir cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe a eascraíonn as an gconradh chun dochair don tomhaltóir.

(1) IO C 502, 13.12.2021.

**Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof – an Ostair) –VB v GUPFINGER Einrichtungsstudio GmbH**

**(Cás C-625/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 93/13/CEE – Téarmaí éagóracha i gconarthaí le tomhaltóirí – Séanadh neamhdhlisteanach conartha arna dhéanamh ag tomhaltóir – Téarma a dearbhaíodh a bheith éagórach lena gcinntear ceart cúitimh an trádálaí don damáiste a d'fhulaing sé – Cur i bhfeidhm an dlí náisiúnta fhorlíontaigh)***

(2023/C 35/18)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Oberster Gerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* VB

*Cosantóir:* GUPFINGER Einrichtungsstudio GmbH

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagail 6(1) agus 7(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas: i gcás inar dearbhaíodh go raibh téarma cúitimh i gconradh díolacháin éagórach agus, dá dhroim sin, go bhfuil sé ar neamhní, ós rud é go bhféadfaidh an conradh sin leanúint ar aghaidh d'ainneoin sin in éagmais an téarma sin, cuirtear cosc leo ar an díoltóir gairmiúil a d'fhorchuir an téarma sin éileamh a dhéanamh, i gcomhthéacs caingean le haghaidh damáistí atá bunaithe go heisiach ar fhoráil fhorlíontach i ndlí náisiúnta na gconarthaí, ar chúiteamh dá bhforáiltear leis an bhforáil sin, a bheadh infheidhme in éagmais an téarma sin, as an damáiste a d'fhulaing sé.

([1]) IO C 37, 24.01.2022

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour de cassation du Grand-Duché de Luxembourg – Lucsamburg) – GV v Caisse nationale d'assurance pension**

**(Cás C-731/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Saorghluaiseacht Daoine – Airteagal 45 CFAE – Oibrithe – Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 – Airteagal 7(1) agus (2) – Cóir chomhionann – Buntáistí sóisialta – Pinsean marthanóra – Comhaltaí de pháirtnéireacht shibhialta – Reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear de choinníoll le deonú pinsin marthanóra go n-iontrálfar comhpháirtíochta a tugadh i gcrích go bailí agus a cláraíodh i mBallstát eile sa chlár náisiúnta)***

(2023/C 35/19)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour de cassation du Grand-Duché de Luxembourg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* GV

*Cosantóir:* Caisse nationale d'assurance pension

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 45 CFAE agus Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas, arna leasú le Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016, a léirmhíniú mar reachtaíocht Ballstáit aíochta lena bhforáiltear go ndeonófar, ar an gcéad dul síos, don chomhpháirtí marthanach comhpháirtíocht a rinneadh agus a cláraíodh go bailí i mBallstát eile, pinsean marthanóra atá dlite de bharr a fheidhmiú, sa chéad Bhallstát, de ghníomhaíocht ghairmiúil ag an gcomhpháirtí éagtha, faoi réir an choinníll gur taifeadadh an chomhpháirtíocht den chéad uair sa chlár arna choimeád ag an Stát sin.

([1]) IO C 73, 14.2.2022.

**Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Administratīvā rajona tiesa – an Laitvia) — AAS "BTA Baltic Insurance Company" v Iepirkumu uzraudzības birojs, Tieslietu ministrija**

**(Cás C-769/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Soláthar poiblí – Treoir 2014/24/AE – Airteagal 18(1) – Prionsabail na córa comhionainne, na trédhearcachta agus na comhréireachta – Cinneadh maidir le cuireadh chun tairisceana a tharraingt siar – Tairiscintí arna gcur isteach ar leithligh ag beirt thairgeoirí a bhaineann leis an oibreoir eacnamaíoch céanna agus arb iad an dá thairiscint is buntáistí go heacnamaíoch – Diúltú an tairgeora a n-éireoidh leis an gconradh a shíniú – Cinneadh ón údarás conarthach tairiscint an chéad tairgeora eile a dhiúltú, an nós imeachta a fhoirceannadh agus glao nua ar thairiscintí a eisiúint)***

(2023/C 35/20)

*Teanga an cháis: an Laitvis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Administratīvā rajona tiesa

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* AAS "BTA Baltic Insurance Company"

*Cosantóirí:* Iepirkumu uzraudzības birojs, Tieslietu ministrija

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Prionsabal na comhréireachta, de réir bhrí Airteagal 18(1) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE,

a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar an údarás conarthach nós imeachta soláthair phoiblí a fhoirceannadh, i gcás ina dtarraingeofaí siar an tairgeoir a roghnaíodh ar dtús chun an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a chur isteach, tar éis don tairgeoir an chéad tairiscint eile is buntáistí ó thaobh an gheilleagair a chur isteach, is oibreoir eacnamaíoch aonair é sin.

([1]) IO C 84, 21.2.2022.

**Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 8 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Rechtbank Amsterdam – an Ísiltír) – Forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint i gcoinne CJ**

**(Cás C-492/22 PPU)** ([1])

***(Iarraidh ar réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Barántas gabhála – Cinneadh Réime 2002/465/CGB – Airteagal 6(2) – Na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a chinneadh – Cinneadh tabhairt suas arna ghlacadh ag comhlacht nach bhfuil stádas an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaithigh aige a chur ar athló – Airteagal 23 – Dul in éag na dteorainneacha ama le haghaidh tabhairt suas – Iarmhairtí – Airteagal 12 agus Airteagal 24(1) – An duine iarrtha a choinneáil, chun críche ionchúisimh choiriúil sa Bhallstát forghníomhaitheach – Airteagail 6, 47 agus 48 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An ceart an duine atá cúisithe teacht i láthair go pearsanta ag a thriail)***

(2023/C 35/21)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Amsterdam

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: CJ

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le hAirteagal 24(1) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

is ionann an cinneadh chun an tabhairt suas dá dtagraítear san fhoráil sin a chur siar agus cinneadh maidir le barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú nach mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach, faoi Airteagal 6(2) den Chinneadh Réime sin, a ghlacadh. I gcás nach ndearna an t-údarás sin cinneadh den sórt sin agus go bhfuil na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 23 (2) go (4) den Chinneadh Réime sin imithe in éag, ní mór an duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a scaoileadh saor, i gcomhréir le hAirteagal 23(5) den Chinneadh Réime sin.

2) Maidir le hAirteagal 12 agus Airteagal 24(1) de Chinneadh Réime 2002/584, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 6 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

Ní chuirtear cosc le duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach, ar cuireadh a thabhairt suas d'údaráis an Bhallstáit eisiúna siar chun críche ionchúisimh choiriúil arna dtionscnamh ina choinne sa Bhallstát forghníomhaitheach, a bheith faoi choimeád ansin, ar bhonn an bharántais ghabhála Eorpaigh, fad atá na himeachtaí coiriúla i gceist á bpróiseáil.

3) Maidir le hAirteagal 24(1) de Chinneadh Réime 2002/584, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299, arna léamh i gcomhar leis an dara mír agus leis an tríú mír d'Airteagal 47(2) agus (3) agus 48(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc ar tabhairt suas duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a chur siar, chun críche ionchúisimh choiriúil arna dtionscnamh ina choinne sa Bhallstát forghníomhaitheach, ar an bhforas amháin nár tharscaoil sé a cheart chun teacht i láthair go pearsanta os comhair na gcúirteanna ar tugadh na himeachtaí os a gcomhair i gcomhthéacs na n-imeachtaí sin.

([1]) IO C 368, 26.09.2022

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Séú Dlísheomra) an 15 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato – an Iodáil) – Centro Petroli Roma Srl v Agenzia delle Dogane e dei Monopoli**

**(Cás C-597/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagail 53 agus 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Airteagal 267 CFAE – Raon feidhme na hoibleagáide ar chúirteanna náisiúnta céime deiridh tarchur chun réamhrialú a dhéanamh – Eisceachtaí ón oibleagáid sin – Critéir – Cásanna ina bhfuil an léirmhíniú ceart ar dhlí an Aontais chomh soiléir sin nach bhfágfaidh siad aon amhras réasúnta – Coinníoll go mbeadh cúirt náisiúnta céime deiridh sásta go mbeadh an fhianaise chéanna ina ceangal freisin ar chúirteanna na háise deiridh eile de na Ballstáit agus ar an gCúirt Bhreithiúnais)***

(2023/C 35/22)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Consiglio di Stato

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Centro Petroli Roma Srl

*Cosantóir:* Agenzia delle Dogane e dei Monopoli

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 267 TFEU a léirmhíniú sa chaoi go bhféadfaidh cúirt náisiúnta nach bhfuil aon leigheas breithiúnach ann faoin dlí náisiúnta ina gcoinne staonadh ó thagairt don Chúirt ceist léirmhínithe ar dhlí an Aontais agus í a réiteach as a freagracht féin i gcás ina bhfuil an léirmhíniú ceart ar dhlí an Aontais chomh soiléir sin nach bhfágfar aon spás d'amhras réasúnta. Ní mór measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht den sórt sin a bheith ann trí thagairt a dhéanamh do shaintréithe sonracha dhlí an Aontais, na deacrachtaí sonracha a chuireann a léirmhíniú i láthair agus an riosca a bhaineann le héagsúlachtaí i gcásdlí laistigh den Aontas Eorpach.

Ní cheanglaítear ar an gcúirt náisiúnta sin a chruthú go mion go ndéanfadh na cúirteanna céime deiridh eile de na Ballstáit agus den Chúirt Bhreithiúnais an léirmhíniú céanna, ach ní mór dóibh an léirmhíniú céanna a fháil, tar éis measúnú a chuireann na tosca sin san áireamh, an ciontú go mbeadh feidhm ag an bhfianaise chéanna maidir leis na cúirteanna náisiúnta eile sin agus leis an gCúirt Bhreithiúnais freisin.

([1]) Dáta an taiscthe: 27.09.2021.

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Naoú Dlísheomra) an 18 Samhain 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy dla Warszawy – Śródmieścia w Warszawie – an Pholainn) – TD, SD v mBank S.A.**

**(Cás C-138/22)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Creidmheas morgáiste arna innéacsú d'airgeadra eachtrach – Téarmaí éagóracha – Neamhniú an chonartha mar gheall ar téarmaí éagóracha nó téarmaí atá contrártha leis an dlí a áireamh – Rogha an tomhaltóra – Léirmhíniú ar an dlí náisiúnta – Easpa dlínse soiléir)***

(2023/C 35/23)

*Teanga an cháis: an Pholannais*

**An Chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Rejonowy dla Warszawy – Śródmieścia w Warszawie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* TD, SD

*Cosantóir:* mBank S.A.

**An chuid oibríochtúil**

Is léir nach bhfuil aon dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an cheist a tharchuir Sąd Rejonowy dla Warszawy – Śródmieścia w Warszawie (Cúirt Dúiche Lár Chathair Vársá, an Pholainn) le cinneadh an 18 Eanáir 2022, a fhreagairt.

(1) Dáta an taiscthe: 25.02.2022

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) an 2 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunalul Specializat Cluj – an Rómáin) – NC v Compania Națională de Transporturi Aeriene Tarom SA**

**(Cás C-229/22)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Aeriompar – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Airteagal 5(1)(c)(iii) – Cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí – Eitilt a chur ar ceal – An ceart chun cúitimh i gcás tairiscint an athródaithe – Coinníollacha – Neamhréireacht idir na leaganacha teanga éagsúla d'fhoráil de dhlí an Aontais – Athródú a chuirfidh ar chumas paisinéirí imeacht níos luaithe ná uair an chloig roimh an am imeachta sceidealaithe)***

(2023/C 35/24)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunalul Specializat Cluj

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* NC

*Cosantóir:* Compania Națională de Transporturi Aeriene Tarom SA

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 5(1)(c)(iii) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcás ina gcuirfear eitilt ar ceal, beidh ceart ag na paisinéirí lena mbaineann chun cúitimh a fháil ón aeriompróir oibríochta i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán sin mura gcuirfear ar an eolas iad faoin gcealú sin níos lú ná seacht lá roimh an am imeachta sceidealaithe, agus má chuireann an t-aeriompróir sin athródú ar fáil dóibh a chuirfidh ar a gcumas imeacht níos luaithe ná uair an chloig roimh an am imeachta sceidealaithe agus a gceann scríbe deiridh a bhaint amach níos lú ná dhá uair an chloig tar éis an am teachta sceidealaithe.

(1) Dáta an taiscthe: 29.03.2022.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato (an Iodáil) arna taisceadh an 13 Meitheamh 2022 — GC agus páirtithe eile v Croce Rossa Italiana agus páirtithe eile**

**(Cás C-389/22)**

(2023/C 35/25)

*Teanga an cháis: Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Consiglio di Stato

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* GC agus páirtithe eile

*Cosantóirí:* Croce Rossa Italiana, Ministero della Difesa, Ministero della Salute, Ministero dell'Economia e delle Finanze, Presidenza del Consiglio dei ministri

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) Chun go measfaí go bhfuil maolú ar an oibleagáid atá ar chúirt céime deiridh tarchur a dhéanamh le haghaidh réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, “an gá a chinneadh ar chiall shuibiachtúil go bhfuil an t-ábhar chomh soiléir céanna do chúirteanna na mBallstát eile agus an Chúirt Bhreithiúnais freisin” [de réir bhrí bhreithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 1982 i gCás 238/81 *Cilfit agus páirtithe eile*] (…) agus cúiseanna leis an léiriú a d'fhéadfaí a thabhairt ar an gceist chéanna ag cúirteanna na mBallstát eile agus ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcás ina ndéantar an cheist chéanna a tharchur chucu?

2) (…) chun *probatio diabolica* a sheachaint agus chun gur féidir na himthosca lena maolaítear ón oibleagáid tarchur le haghaidh réamhrialú arna leagan amach ag an gCúirt Bhreithiúnais a chur chun feidhme sa chleachtas an leor a shuíomh gur léir nach bhfuil aon bhunús leis an gceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú (maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm ceart na forála ábhartha de chuid an Aontais) a ardaíodh sna himeachtaí náisiúnta, trí amhras réasúnach ina leith sin a chur as an áireamh, ag féachaint, ar bhonn oibiachtúil amháin — gan scrúdú a dhéanamh ar dhearcadh sonrach léirmhínitheach a d'fhéadfadh cúirteanna éagsúla a ghlacadh — ar théarmaíocht shonrach agus ar bhrí atá le dlí [an Aontais] mar atá inchurtha i gcomhthéacs na forála de chuid an Aontais Eorpaigh (ábhartha sa chás seo), an comhthéacs reachtach Eorpach a bhfuil sé ina chuid de agus na haidhmeanna cosanta a bhfuil sé ag iarraidh a chomhlíonadh, agus ag féachaint don chéim forbartha ar dhlí na hEorpa ag an am a mbeidh an fhoráil atá ábhartha do na himeachtaí náisiúnta le cur i bhfeidhm?

3) D'fhonn luachanna bunreachtúla agus Eorpacha an neamhspleáchais bhreithiúnaigh agus ré réasúnta na n-imeachtaí a chosaint, an féidir Airteagal 267 CFAE a léiriú sa chiall ina gcuirtear cosc ar an bhféidearthacht go mbeadh cúirt uachtarach náisiúnta, a scrúdaigh agus a dhiúltaigh an iarraidh ar réamhrialú maidir le léiriú dhlí an Aontais, faoi réir imeachtaí sibhialta nó araíonachta, go huathoibríoch, nó de réir lánrogha iomlán an pháirtí atá ag tabhairt na caingne?

4) An bhfuil Airteagail 1626, 1653, 1668 agus 1669 de Dhlí Foraithne Uimh. 66 an 15 Márta 2010, lena ndéantar foráil maidir le caidreamh seirbhíse a bheith ann le húdarás poiblí ag a bhfuil dátaí deiridh a fhéadfar a shíneadh arís agus arís eile agus a fhéadfar a athnuachan thar na mblianta gan briseadh, ag luí le Treoir 1999/70/CE ([1]) agus leis an bprionsabal a bhaineann le hionchais dhlisteanacha a chosaint?

5) An bhfuil Airteagal 5 agus 6 de Dhlí Foraithne Uimh. 178/2012 a mhéid lena bhforáiltear do cóir dhifriúil idir baill foirne laistigh den institiúid chéanna, ar sheirbhís leanúnach (nó ar sheirbhís ar thréimhse ama éiginnte) agus ar sheirbhís shealadach (nó ar sheirbhís ar théarma seasta), gan aon foráil reachtach lena n-áirithítear oibrithe ar dheiseanna seirbhíse sealadacha chun an caidreamh fostaíochta a choinneáil tar éis atheagrú na hinstitiúide lena mbaineann siad ag luí le Treoir 1999/70/CE agus le prionsabal an neamh-idirdhealaithe?

([1]) Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú Réime maidir le hobair théarma shocraithe a thug CES, UNICE agus CEEP (OI 1999 L 175, lch 43).

**Achomharc arna thabhairt an 14 Meán Fómhair 2022 ag Gugler France i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Tríú Dlísheomra) a tugadh an 13 Iúil 2022 i gCás T-147/21, Gugler France v EUIPO – Gugler (GUGLER)**

**(Cás C-594/22 P)**

(2023/C 35/26)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Gugler France (ionadaí: S. Guerlain, avocat)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), Alexander Gugler

Trí ordú an 5 Nollaig 2022, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) nár cheart ligean don achomharc dul ar aghaidh agus d'ordaigh sí do Gugler France a chostais féin a íoc.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Cour constitutionnelle (an Bheilg) a taisceadh an 29 Meán Fómhair 2022 (Belgian Association of Tax Lawyers agus páirtithe eile v Premier ministre/Eerste Minister**

**(Cás C-623/22)**

(2023/C 35/27)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour constitutionnelle

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Belgian Association of Tax Lawyer, Ordre des barreaux francophones et germanophone, Orde van Vlaamse Balies agus páirtithe eile, Institut des conseillers fiscaux et des experts-comptables agus páirtithe eile.

*Cosantóir:* Premier ministre/Eerste Minister

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) Le Treoir (AE) 2018/822 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le huathmhalartú éigeantach faisnéise i réimse an chánachais i ndáil le socruithe infhógartha trasteorann ([1]), an sáraítear Airteagal 6(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 20 agus Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe prionsabal an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe mar a ráthaítear leis na forálacha sin, a mhéid nach ndéanann Treoir 2018/822 an oibleagáid tuairiscithe maidir le socruithe infhógartha trasteorann a theorannú, ach déantar é infheidhme maidir le gach cáin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE ([2]), lena n-áirítear faoi dhlí na Beilge ní amháin cáin chorparáide, ach freisin cánacha díreacha seachas cáin chorparáide agus cánacha indíreacha, amhail táillí clárúcháin?

2) An sáraítear le Treoir 2018/822 prionsabal na dlíthiúlachta in ábhair choiriúla mar a ráthaítear le hAirteagal 49(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 7(1) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, prionsabal ginearálta na deimhneachta dlíthiúla agus an ceart chun urraim don saol príobháideach mar a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, a mhéid nach bhfuil na coincheapa "socrú" (agus, dá bhrí sin, "socrú

trasteorann", "socrú indíolta" agus "socrú saincheaptha"), "idirghabhálaí", "rannpháirtí", "fiontar comhlachaithe", na téarmaí "trasteorann", "sainmharcanna" éagsúla agus "príomhthástáil sochair", a úsáidtear le Treoir 2018/822 chun raon feidhme agus na hoibleagáide tuairiscithe maidir le socruithe infhógartha trasteorann a chinneadh, soiléir agus beacht go leor?

3) An sáraítear le Treoir 2018/822, go háirithe a mhéid a chuireann sí isteach Airteagal 8ab(1) agus (7) de Threoir 2011/16, prionsabal na dlíthiúlachta in ábhair choiriúla mar a ráthaítear le hAirteagal 49(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 7(1) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus an sáraítear an ceart chun urraim don saol príobháideach mar a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, a mhéid nach bhfuil túsphointe na tréimhse 30 lá a gcaithfidh an t-idirghabhálaí nó an cáiníocóir ábhartha an oibleagáid tuairiscithe maidir le socruithe infhógartha trasteorann a chomhlíonadh, sách soiléir agus beacht?

4) An sáraítear le hAirteagal 1(2) de Threoir 2018/822 an ceart chun urraim don saol príobháideach mar a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, a mhéid go bhforáiltear le hAirteagal 8ab(5) nua a cuireadh isteach i dTreoir 2011/16, i gcás ina nglacann Ballstát na bearta is gá chun an ceart a thabhairt d'idirghabhálaithe tarscaoileadh ón oibleagáid faisnéis a sholáthar maidir le socrú infhógartha trasteorann i gcás ina mbeadh an oibleagáid tuairiscithe ag teacht salach ar an rúndacht ghairmiúil is infheidhme de bhua dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin, go bhfuil sé d'oibleagáid ar an mBallstát sin a cheangal ar na hidirghabhálaithe sin fógra a thabhairt gan mhoill d'aon idirghabhálaí eile nó, in éagmais idirghabhálaí den sórt sin, don cháiníocóir lena mbaineann faoina oibleagáidí tuairiscithe, sa mhéid is go bhfuil sé d'éifeacht ag an oibleagáid sin go bhfuil ar idirghabhálaí atá faoi cheangal ag rúndacht ghairmiúil faoi réir smachtbhannaí coiriúla faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin comhroinnt a dhéanamh le hidirghabhálaí eile, nach bhfuil ina chliant dó, aon fhaisnéis a thagann chuige le linn fheidhmiú phríomhghníomhaíochtaí a ghairme?

5) An sáraítear le Treoir 2018/822 an ceart chun urraim don saol príobháideach mar a ráthaítear le hAirteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, sa mhéid go gcuireann an oibleagáid tuairiscithe maidir le socruithe infhógartha trasteorann isteach ar an gceart chun príobháideachais atá ag idirghabhálaithe agus ag cáiníocóirí lena mbaineann nach bhfuil údar réasúnta leis agus nach bhfuil comhréireach i bhfianaise na gcuspóirí atá á saothrú agus nach bhfuil ábhartha chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú?

(1) IO 2018, L 139, lch. 1.
(2) IO 2011, L 64, lch. 1.

**Iarraidh ar réamhrialú ó Rechtbank Gelderland (an Ísiltír) a taisceadh an 12 Deireadh Fómhair 2022 – X v Inspecteur van de Belastingdienst Utrecht**

**(Cás C-639/22)**

(2023/C 35/28)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Gelderland

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* X

*Cosantóir:* Inspecteur van de Belastingdienst Utrecht

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL (1) a léiriú sa chaoi go bhféadfaí a mheas go bhfuil riosca infheistíochta i gceist do shealbhóirí i gciste pinsin amhail an ciste pinsin sna príomhimeachtaí, agus an gciallaíonn sé sin gurb ionann an ciste pinsin agus "ciste infheistíochta speisialta" de réir bhrí na forála sin? An mbaineann a leanas le hábhar:

— cé acu an bhfuil riosca infheistíochta aonair i gceist do na sealbhóirí nó nach bhfuil nó an leor gur ar na sealbhóirí go comhchoiteann agus ní ar aon duine eile na hiarmhairtí a bhaineann le torthaí na hinfheistíochta?

— méid an riosca chomhchoitinn nó aonair?

— a mhéid a bhaineann fachtóirí eile, amhail an líon blianta pinsin arna dhéanamh, an méid tuarastail agus an fachtóir lascaine, le méid an tsochair pinsin?

(1) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Rechtbank Gelderland (an Ísiltír) a taisceadh an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Fiscale Eenheid Achmea BV v Inspecteur van de Belastingdienst Amsterdam**

**(Cás C-640/22)**

(2023/C 35/29)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Gelderland

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Fiscale Eenheid Achmea BV

*Cosantóir:* Inspecteur van de Belastingdienst Amsterdam

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcaithfear Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL [1] a léiriú sa chaoi go bhféadfaí a mheas go bhfuil riosca infheistíochta i gceist do shealbhóirí i gciste pinsin amhail an ciste pinsin sna príomhimeachtaí, agus an gciallaíonn sé sin gurb ionann an ciste pinsin agus "ciste infheistíochta speisialta" de réir bhrí na forála sin? An mbaineann a leanas le hábhar:

   — cé acu an bhfuil riosca infheistíochta aonair i gceist do na sealbhóirí nó nach bhfuil nó an leor gur ar na sealbhóirí go comhchoiteann agus ní ar aon duine eile na hiarmhairtí a bhaineann le torthaí na hinfheistíochta?

   — méid an riosca chomhchoitinn nó aonair?

   — a mhéid a bhaineann fachtóirí eile, amhail an líon blianta pinsin arna dhéanamh, an méid tuarastail agus an fachtóir lascaine, le méid an tsochair pinsin?

   — nach bhfuiltear ag cur go gníomhach leis an gciste pinsin a thuilleadh ón 1 Eanáir 2018 agus, mar gheall ar an gcóimheas cumhdaigh straitéiseach íseal, nach mór na sócmhainní go léir a aistriú chuig árachóir nó ciste pinsin eile?

2) An gceanglaítear leis an bprionsabal maidir le neodracht chánach, i dtaobh Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL a chur i bhfeidhm maidir le cistí nach GCUIanna ([2]) iad, nach mór a mheas ní hamháin an bhfuil siad inchomparáide le GCUIanna, ach freisin, ó thaobh an gnáth-thomhaltóra de, an bhfuil siad inchomparáide le cistí eile nach GCUIanna iad ach a mheasann an Ballstát gur cistí infheistíochta speisialta iad?

([1]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1).
([2]) Gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe.

**Iarraidh ar réamhrialú ó Fechtbank Gelderland (an Ísiltír) a taisceadh an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Y v Inspecteur van de Belastingdienst Amsterdam**

**(Cás C-641/22)**

(2023/C 35/30)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Gelderland

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Y

*Cosantóir:* Inspecteur van de Belastingdienst Amsterdam

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL ([1]) a léiriú sa chaoi go bhféadfaí a mheas go bhfuil riosca infheistíochta i gceist do shealbhóirí i gciste pinsin amhail an ciste pinsin sna príomhimeachtaí, agus an gciallaíonn sé sin gurb ionann an ciste pinsin agus “ciste infheistíochta speisialta” de réir bhrí na forála sin? An mbaineann a leanas le hábhar:

— cé acu an bhfuil riosca infheistíochta aonair i gceist do na sealbhóirí nó nach bhfuil nó an leor gur ar na sealbhóirí go comhchoiteann agus ní ar aon duine eile na hiarmhairtí a bhaineann le torthaí na hinfheistíochta?

— méid an riosca chomhchoitinn nó aonair?

— a mhéid a bhaineann fachtóirí eile, amhail an líon blianta pinsin arna dhéanamh, an méid tuarastail agus an fachtóir lascaine, le méid an tsochair pinsin?

— go bhfuil ráthaíocht go dtí EUR 250 000 000 curtha ar fáil ag an bhfostóir don tréimhse 2014 go 2020 d’fhonn an pinsean atá beartaithe a dhéanamh a bhaint amach?

([1]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1).

**Iarraidh ar réamhrialú ó Rechtbank Gelderland (an Ísiltír) a taisceadh an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Stichting Pensioenfonds voor Fysiotherapeuten v Inspecteur van de Belastingdienst Maastricht**

**(Cás C-642/22)**

(2023/C 35/31)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Gelderland

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Stichting Pensioenfonds voor Fysiotherapeuten

*Cosantóir:* Inspecteur van de Belastingdienst Maastricht

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL [1] a léiriú sa chaoi go bhféadfaí a mheas go bhfuil riosca infheistíochta i gceist do shealbhóirí i gciste pinsin amhail an ciste pinsin sna príomhimeachtaí, agus an gciallaíonn sé sin gurb ionann an ciste pinsin agus "ciste infheistíochta speisialta" de réir bhrí na forála sin? An mbaineann a leanas le hábhar:

— cé acu an bhfuil riosca infheistíochta aonair i gceist do na sealbhóirí nó nach bhfuil nó an leor gur ar na sealbhóirí go comhchoiteann agus ní ar aon duine eile na hiarmhairtí a bhaineann le torthaí na hinfheistíochta?

— méid an riosca chomhchoitinn nó aonair?

— a mhéid a bhaineann fachtóirí eile, amhail an líon blianta pinsin arna dhéanamh, an méid tuarastail agus an fachtóir lascaine, le méid an tsochair pinsin?

([1]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1).

**Iarraidh ar réamhrialú ó Rechtbank Gelderland (an Ísiltír) a taisceadh an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Stichting BPL Pensioen v Inspecteur van de Belastingdienst Utrecht**

**(Cás C-643/22)**

(2023/C 35/32)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Gelderland

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Stichting BPL Pensioen

*Cosantóir:* Inspecteur van de Belastingdienst Utrecht

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL [1] a léiriú sa chaoi go bhféadfaí a mheas go bhfuil riosca infheistíochta i gceist do shealbhóirí i gciste pinsin amhail an ciste pinsin sna príomhimeachtaí, agus an gciallaíonn sé sin gurb ionann an ciste pinsin agus "ciste infheistíochta speisialta" de réir bhrí na forála sin? An mbaineann a leanas le hábhar:

— cé acu an bhfuil riosca infheistíochta aonair i gceist do na sealbhóirí nó nach bhfuil nó an leor gur ar na sealbhóirí aonad go comhchoiteann agus ní ar aon duine eile na hiarmhairtí a bhaineann le torthaí na hinfheistíochta?

— méid an riosca chomhchoitinn nó aonair?

— a mhéid a bhaineann fachtóirí eile, amhail an líon blianta pinsin arna dhéanamh, an méid tuarastail agus an fachtóir lascaine, le méid an tsochair pinsin?

([1]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1).

**Iarraidh ar réamhrialú ó Rechtbank Gelderland (an Ísiltír) a taisceadh an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Stichting Bedrijfstakpensioensfonds voor het levensmiddelenbedrijf (BPFL) v Inspecteur van de Belastingdienst Utrecht**

**(Cás C-644/22)**

(2023/C 35/33)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Gelderland

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Stichting Bedrijfstakpensioensfonds voor het levensmiddelenbedrijf (BPFL)

*Cosantóir:* Inspecteur van de Belastingdienst Utrecht

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL [1] a léiriú sa chaoi go bhféadfaí a mheas go bhfuil riosca infheistíochta i gceist do shealbhóirí i gciste pinsin amhail an ciste pinsin sna príomhimeachtaí, agus an gciallaíonn sé sin gurb ionann an ciste pinsin agus “ciste infheistíochta speisialta” de réir bhrí na forála sin? An mbaineann a leanas le hábhar:

   — cé acu an bhfuil riosca infheistíochta aonair i gceist do na sealbhóirí nó nach bhfuil nó an leor gur ar na sealbhóirí go comhchoiteann agus ní ar aon duine eile na hiarmhairtí a bhaineann le torthaí na hinfheistíochta?

   — méid an riosca chomhchoitinn nó aonair?

   — a mhéid a bhaineann fachtóirí eile, amhail an líon blianta pinsin arna dhéanamh, an méid tuarastail agus an fachtóir lascaine, le méid an tsochair pinsin?

2. 2) An gceanglaítear leis an bprionsabal maidir le neodracht chánach, i dtaobh Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL a chur i bhfeidhm maidir le cistí nach GCUIanna [2] iad, nach mór a mheas ní hamháin an bhfuil siad inchomparáide le GCUIanna, ach freisin, ó thaobh an gnáth-thomhaltóra de, an bhfuil siad inchomparáide le cistí eile nach GCUIanna iad ach a mheasann an Ballstát gur cistí infheistíochta speisialta iad?

---

[1] Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1).

[2] Gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Cour d’appel de Mons (an Bheilg) an 17 Deireadh Fómhair 2022 – Fédération internationale de football association (FIFA) v BZ**

**(Cás C-650/22)**

(2023/C 35/34)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour d’appel de Mons

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Fédération internationale de football association (FIFA)

*Cosantóir:* BZ

**An cheist a tharchuirtear:**

An gcaithfear Airteagail 45 agus 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis:

— ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta idir an t-imreoir agus an club ar mian leo a cheangal go n-íocfaí an cúiteamh a bhí dlite don chlub lenar cuireadh deireadh leis an gconradh gan chúis chóir, mar a shonraítear in Airteagal 17.2 den RSTJ [Rialacháin maidir le Stádas agus Aistriú Imreoirí] de chuid FIFA, in éineacht leis na smachtbhannaí spóirt dá bhforáiltear in Airteagal 17.4 de na rialacháin chéanna agus leis na smachtbhannaí airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 17.1;

— ar an bhféidearthacht don comhaontas ar a bhfuil iar-chlub an imreora ag brath gan an deimhniú aistrithe idirnáisiúnta, atá riachtanach le haghaidh síniú an imreora ag club nua, a eisiúint, sa chás go bhfuil díospóid ann idir an iar-chlub sin agus an t-imreoir (Airteagal 9.1 den RSTJ de chuid FIFA agus Airteagal 8.2.7 d'iarscríbhinn 3 den RSTJ sin).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Rechtbank van eerste aanleg Oost-Vlaanderen, Afdeling Gent (an Bheilg) a taisceadh an 19 Deireadh Fómhair 2022 – FOD Volksgezondheid, Veiligheid van de voedselketen & Leefmilieu v Triferto Belgium NV**

**(Cás C-654/22)**

(2023/C 35/35)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank van eerste aanleg Oost-Vlaanderen, Afdeling Gent

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* FOD Volksgezondheid, Veiligheid van de voedselketen & Leefmilieu

*Cosantóir:* Triferto Belgium NV

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcaithfear Airteagail 6(1) agus Airteagal 3, pointí 10 agus 11, de Rialachán REACH [1] a léiriú sa chaoi go bhfuil oibleagáid chlárúcháin ar dhuine a ordaíonn nó a cheannaíonn an tsubstaint ó mhonaróir atá lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach, cé go ndéanann tríú páirtí na socruithe go léir chun an tsubstaint a thabhairt isteach go fisiciúil i gcríoch chustaim an Aontais agus go ndearbhaíonn sé freisin go bhfuil sé freagrach as sin?

   Agus an cheist sin á freagairt, an mbaineann sé le hábhar nach bhfuil sa mhéid a ordaítear nó a cheannaítear ach cuid (cé go bhfuil sé níos mó ná aon tona amháin) de lastas níos mó den tsubstaint chéanna ón monaróir céanna atá lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach atá á thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais ag an tríú páirtí sin chun é a stóráil i dtrádstóras custaim?

2) An gcaithfear Airteagal 2(1)(b) de Rialachán REACH a léiriú sa chaoi nach dtagann substaint arna stóráil i dtrádstóras custaim (arna aistriú faoi nós imeachta J – Cód 71 00 i Réimse 37 den doiciméad riaracháin aonair) faoi raon feidhme Rialachán REACH ach oiread go dtí go dtógfar amach í níos déanaí agus go n-aistreofar í faoi nós imeachta custaim eile (mar shampla, scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta)?

Más ea: An gcaithfear Airteagail 6(1) agus Airteagal 3, pointí 10 agus 11, de Rialachán REACH a léiriú sa chaoi go bhfuil an oibleagáid chlárúcháin sa chás sin ar an duine a cheannaigh an tsubstaint go díreach lasmuigh den Aontas agus a iarrann í (gan dó an tsubstaint sin a thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais go fisiciúil roimhe sin), fiú má tá an tsubstaint sin cláraithe cheana féin ag an tríú gnóthas a thug isteach í roimhe sin i gcríoch chustaim an Aontais?

(1) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus lena gcruthaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE, Treoir 93/67/CEE, Treoir 93/105/CE agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO 2006 L 396, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Sąd Najwyższy (an Pholainn) a taisceadh an 19 Deireadh Fómhair 2022**

**(Cás C-658/22)**

(2023/C 35/36)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Najwyższy

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

(1) Ar cheart Airteagal 2, Airteagail 6(1) agus (3), agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ("CAE"), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt") agus le hAirteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE"), a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn, i gcás cúirt céime deiridh de chuid Ballstáit (Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn)) a n-áirítear ina comhdhéanamh daoine a ceapadh chun an phoist mar bhreitheamh agus rialacha bunúsacha dlí an Bhallstáit atá infheidhme maidir le ceapacháin bhreithiúnacha chun na Cúirte Uachtaraí á sárú, nach ionann an chúirt sin agus cúirt neamhspleách, binse neamhchlaonta a bunaíodh roimhe ré le dlí agus a thugann cosaint dlí éifeachtach do dhaoine aonair i réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais, i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas i gceist leis an sárú thuasluaite:

(a) an Prezydent Rzeczypospolitej Polskiej (Uachtarán Phoblacht na Polainne) ag fógairt folúntas breithiúnach sa Chúirt Uachtarach gan réamhshíniú ón Prezes Rady Ministrów (Príomh-Aire);

(b) imeachtaí réamhcheapachán á reáchtáil gan aird á tabhairt ar phrionsabail na trédhearcachta agus na cothroime ag comhlacht náisiúnta (Krajowa Rada Sądownictwa — Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna, an Pholainn) nach gcomhlíonann, i bhfianaise na n-imthosca a bhaineann lena bhunú (roghnú na mbreithiúna) agus leis an gcaoi ina bhfheidhmíonn sé, na ceanglais a ghabhann le comhlacht bunreachtúil a sheasann le neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna;

(c) Uachtarán Phoblacht na Polainne ag tabhairt litreacha ceapacháin don phost mar bhreitheamh sa Chúirt Uachtarach d'ainneoin go ndearnadh agóid roimhe sin os comhair na cúirte náisiúnta inniúla maidir leis an rún ó Chomhairle Náisiúnta na mBreithiúna, lena n-áirítear an tairiscint i gcomhair ceapacháin chuig post an bhreithimh, os comhair na cúirte náisiúnta is inniúil (Naczelny Sąd Administracyjny (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, an Pholainn)), gur chuir an Chúirt Uachtarach Riaracháin cur chun feidhme an rúin sin ar fionraí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus nár tugadh na himeachtaí achomhairc i gcrích, agus gur chuir an Chúirt Uachtarach Riaracháin, i ndiaidh na n-imeachtaí sin, an rún a ndearnadh agóid ina choinne ó Chomhairle Náisiúnta na mBreithiúna ar leataobh go bailí mar gheall ar a neamhdhleathacht agus gur bhain sí é go buan den ord dlí, ag baint dá réir sin, den cheapachán chun post mar bhreitheamh sa Chúirt Uachtarach, an bunús a cheanglaítear le hAirteagal 179 den Konstytucja Rzeczypospolitej Polskiej (Bunreacht Phoblacht na Polainne), arb é atá sa bhunús sin tairiscint ó Chomhairle Náisiúnta na mBreithiúna le ceapadh don phost mar bhreitheamh?

(2) Ar cheart Airteagal 2, Airteagail 6(1) agus (3), agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt agus le hAirteagal 267 CFAE, a léiriú ar chaoi go gcuirtear cosc leo ar chur i bhfeidhm dlíthe náisiúnta den sórt sin ar nós Airteagal 29(2) agus (3), Airteagal 26(3), agus Airteagail 72(1), (2) agus (3) den Ustawa z dnia 8 grudnia 2017 r. o Sądzie Najwyższym (Dlí an 8 Nollaig 2017 maidir leis an gCúirt Uachtarach, téacs comhdhlúite: Dz. U. de 2021, ítim 154) ["an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach"], a mhéid a gcuirtear cosc leis na dlíthe sin ar bhreithiúna na Cúirte Uachtaraí, faoi phionós araíonachta an dífhostaithe, cinneadh nó measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht ceapacháin breithimh nó ar an údarás a bheidh aige nó aici mar thoradh air sin chun cúraimí breithiúnacha a chomhlíonadh chomh maith le measúnú a dhéanamh i dtéarmaí substainteacha ar thairiscintí chun breitheamh a eisiamh ar na forais sin, ag glacadh leis go mbeadh údar maith leis an toirmeasc sin toisc gur ghá don Aontas féiniúlacht bhunreachtúil na mBallstát a urramú?

(3) Ar cheart Airteagal 2 agus Airteagail 4(2) agus (3) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 19 CAE agus le hAirteagal 267 CFAE, a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn nach féidir le breithiúnas ó chúirt bhunreachtúil de chuid Ballstáit (Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil, an Pholainn) ina ndearbhaítear nach bhfuil rialú ón gcúirt céime deiridh náisiúnta (an Chúirt Uachtarach) ag luí le Bunreacht Phoblacht na Polainne, a bheith ina chonstaic ar neamhspleáchas cúirte a mheasúnú agus ar chinneadh an binse í, arna bhunú le dlí de réir bhrí dhlí an Aontais Eorpaigh, cúirt, ós rud é, ina theannta sin, go raibh sé d'aidhm ag rialú na Cúirte Uachtaraí breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme ar chaoi nach dtabharfaí, le forálacha Bhunreacht Phoblacht na Polainne ná leis na dlíthe is infheidhme (dlíthe náisiúnta), an inniúlacht don Chúirt Bhunreachtúil athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe breithiúnacha, lena n-áirítear rúin lena réitítear neamhréireachtaí i léirmhíniú dlíthe arna nglacadh de bhun Airteagal 83 den [Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach] agus, ina theannta sin, ós rud é nach binse arna bhunú le dlí í, de réir bhrí Airteagal 6(1) den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, an Chúirt Bhunreachtúil, de bharr an mhodha ina bhfuil sí comhdhéanta faoi láthair (U. de 1993, Uimh. 61, mír 284, arna leasú)?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Berlin (an Ghearmáin) a taisceadh an 24 Deireadh Fómhair 2022 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne M.N.**

**(Cás C-670/22)**

(2023/C 35/37)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Berlin

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

M.N.

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. Maidir le léiriú ar an gcoincheap "údarás eisiúna" faoi Airteagal 6(1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(c), de Threoir 2014/41/AE ([1]):

 a) I dtaobh Ordú Imscrúdaithe Eorpach ("OIE") chun fianaise atá ann cheana féin sa Stát forghníomhaitheach (sa chás seo, an Fhrainc) a fháil, an é nach mór don ordú sin a bheith eisithe ag breitheamh nuair a chaitear, faoi dhlí an Stáit eisiúna (sa chás seo, an Ghearmáin), i gcás inchomparáide baile, go ndéanfadh breitheamh bailiú na bunfhianaise a ordú?

 b) Mar mhalairt air sin, an mar sin atá, ar a laghad, i gcás inar thug an Stát forghníomhaitheach faoin mbunbheart i gcríoch an Stáit eisiúna agus an aidhm aige na sonraí arna mbailiú a chur ar fáil ina dhiaidh sin do na húdaráis imscrúdaithe sa Stát eisiúna chun críche imeachtaí coiriúla?

c) I dtaobh OIE chun fianaise a fháil, an é nach mór don ordú sin a bheith eisithe i gcónaí ag breitheamh (nó údarás neamhspleách nach bhfuil baint aige le himscrúduithe coiriúla), beag beann ar rialacha náisiúnta dlínse an Stáit eisiúna, nuair a bhaineann an beart le cur isteach tromchúiseach ar chearta bunúsacha ardchéime?

2. Maidir le léiriú ar Airteagal 6(1)(a) de Threoir 2014/41:

a) An gcuirtear cosc le hAirteagal 6(1)(a) de Threoir 2014/41 ar OIE chun sonraí atá ar fáil cheana sa Stát eisiúna a aistriú, ar sonraí iad a fuarthas ó teileachumarsáid arna hidircheapadh – go háirithe sonraí tráchta agus suímh agus taifid d'inneachair cumarsáidí, i gcás inar bhain an t-idircheapadh arna dhéanamh ag an Stát eisiúna leis na húsáideoirí go léir atá suibscríofa le haghaidh seirbhís cumarsáide, ina n-iarrtar leis an OIE go ndéanfar na sonraí atá ar na gléasanna teirminéil arna n-úsáid i gcríoch an Stáit eisiúna a aistriú agus i gcás nach raibh aon fhianaise nithiúil ann i leith cionta coiriúla tromchúiseacha arna ndéanamh ag na húsáideoirí aonair sin nuair a ordaíodh an t-idircheapadh agus nuair a tugadh faoi nó nuair a eisíodh an OIE?

b) An gcuirtear cosc le hAirteagal 6(1)(a) den Treoir sin ar OIE den sórt sin i gcás nach féidir leis na húdaráis sa Stát eisiúna sláine na fianaise arna bailiú faoin mbeart idircheaptha a fhíorú mar gheall ar rúndacht uilechuimsitheach?

3. Maidir le léiriú ar Airteagal 6(1)(b) de Threoir 2014/41:

a) An gcuirtear cosc le hAirteagal 6(1)(b) de Threoir 2014/41 ar OIE chun sonraí teileachumarsáide atá ar fáil cheana sa Stát forghníomhaitheach (an Fhrainc) a aistriú i gcás nach mbeadh cead le beart idircheaptha an Stáit fhorghníomhaithigh, atá ina bhun do bhailiú na sonraí, faoi dhlí an Stáit eisiúna (an Ghearmáin) i gcás inchomparáide baile?

b) Mar mhalairt air sin: An é mar atá, ar aon chaoi, i gcás inar thug an Stát eisiúna faoin idircheapadh i gcríoch an Stáit eisiúna agus ar mhaithe leis?

4. Maidir le hAirteagal 31(1) agus (3) de Threoir 2014/41:

a) An ionann beart lena n-insíothlaítear gléasanna teirminéil chun sonraí tráchta, suímh agus cumarsáide de chuid seirbhís teileachumarsáide atá bunaithe ar an idirlíon a bhailiú agus teileachumarsáid a idircheapadh de réir bhrí Airteagal 31 de Threoir 2014/41?

b) An é nach mór i gcónaí an fógra faoi Airteagal 31(1) de Threoir 2014/41 a chur in iúl do bhreitheamh nó an mar sin atá, ar a laghad, i gcás nach bhféadfadh, faoi dhlí an Stáit arna fhógairt (an Ghearmáin), ach breitheamh an beart atá beartaithe ag an Stát idircheaptha (an Fhrainc) a ordú i gcás inchomparáide baile?

c) A mhéid is go gcuirtear, le hAirteagal 31 de Threoir 2014/41, cosaint aonair ar fáil do theileachumarsáidí úsáideoirí lena mbaineann freisin, an mbaineann an chosaint sin freisin le húsáid na sonraí le haghaidh imeachtaí coiriúla sa Stát arna fhógairt (an Ghearmáin) agus, más ea, an bhfuil an luach céanna ag an gcuspóir sin leis an luach atá ag an gcuspóir eile arb é ceannasacht an Bhallstáit arna fhógairt a chosaint?

5. Iarmhairtí dlí ar bhailiú fianaise ar bhealach atá contrártha le dlí an Aontais

a) I gcás ina bhfaightear fianaise de bhua OIE atá contrártha le dlí an Aontais, an bhféadfadh cosc ar úsáid fianaise a bheith ina thoradh díreach ar phrionsabal na héifeachtachta faoi dhlí an Aontais?

b) I gcás ina bhfaightear fianaise de bhua OIE atá contrártha le dlí an Aontais, an bhfuil cosc ar úsáid fianaise ina thoradh ar phrionsabal na coibhéise faoi dhlí an Aontais i gcás nár chóir go mbeadh an beart atá ina bhun do bhailiú ana fianaise sa Stát eisiúna a ordú i gcás inchomparáide baile sa Stát eisiúna agus nach bhféadfaí an fhianaise a fuarthas de bhun beart náisiúnta mídhleathach a úsáid faoi dhlí an Stáit eisiúna?

c) An bhfuil sé contrártha le dlí an Aontais, go háirithe prionsabal na héifeachtachta, go dtabharfaí údar le húsáid fianaise in imeachtaí coiriúla, fianaise a fuarthas go contrártha le dlí an Aontais toisc go díreach nach raibh aon amhras faoi chion ann, mar gheall ar, i gcothromú leasanna, a thromchúisí is a bhí na cionta, nár tháinig chun solais go dtí go raibh anailís déanta ar an bhfianaise?

d) Mar mhalairt air sin: An leanann as dlí an Aontais, go háirithe prionsabal na héifeachtachta, nach bhfeáfaí iarmhairtí a eisiaimh go hiomlán maidir le sáruithe ar dhlí an Aontais agus fianaise á bailiú in imeachtaí coiriúla náisiúnta, fiú i gcás cionta coiriúla tromchúiseacha, agus nach mór iad a chur san áireamh i bhfabhar an chúisí ar a laghad agus fianaise á meas nó pianbhreith á gearradh?

(1) Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach a úsáid in imeachtaí coiriúla (IO 2014 L 130, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy Katowice — Wschód w Katowicach (an Pholainn) an 2 Samhain 2022 — Przedsiębiorstwo Produkcyjno — Handlowo — Usługowe A. v P. S.A.**

**(Cás C-677/22)**

(2023/C 35/38)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Rejonowy Katowice — Wschód w Katowicach

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: Przedsiębiorstwo Produkcyjno — Handlowo — Usługowe A.

*Cosantóir*: P. S.A.

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (athmhúnlú) (1) a léiriú sa chaoi nach féidir comhaontú sainráite arna dhéanamh ag na cuideachtaí lena bhforáiltear do thréimhse íocaíochta ar faide í ná 60 lá a chur san áireamh ach amháin i gconarthaí nár dhréachtaigh ceann amháin de na páirtithe sa chonradh na téarmaí conarthacha go haontaobhach?

(1) IO 2011 L 48, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy dla Krakowa – Podgórza w Krakowie (an Pholainn) a taisceadh an 3 Samhain 2022 – Profi Credit Polska S.A. v G.N.**

**(Cás C-678/22)**

(2023/C 35/39)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Rejonowy dla Krakowa – Podgórza w Krakowie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Profi Credit Polska S.A.

*Cosantóir:* G.N.

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) Ar chóir Airteagal 10(2)(f) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(j) de Threoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle ([1]), i bhfianaise phrionsabal éifeachtacht dhlí an Aontais agus chuspóir na Treorach seo, agus i bhfianaise Airteagail 3(1), (2) agus 4(1) de Threoir 93/13/CEE an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóirí ([2]), a léiriú sa chiall go gcuirtear cosc leis ar an gcleachtas maidir le forálacha a áireamh i gconarthaí creidmheasa tomhaltóra nach de thoradh socruithe aonair idir an soláthróir (iasachtóir) agus forálacha an tomhaltóra (iasachtaí) lena bhforáiltear d'ús ní hamháin ar an méid a íoctar leis an tomhaltóir, ach freisin ar chostais chreidmheasa neamhúsmhara (is é sin le rá, coimisiúin nó táillí eile nach comhpháirteanna iad den mhéid creidmheasa a íocadh amach leis an tomhaltóir iad, agus arb ionann iad agus an méid iomlán a bheidh le híoc ag an tomhaltóir i gcomhlíonadh a n-oibleagáide faoin gconradh creidmheasa do thomhaltóirí)?

2) Ar chóir Airteagal 10(2)(f) agus (g) de Threoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO 2008 L 133, lch. 66) i bhfianaise phrionsabal éifeachtacht dhlí an Aontais agus chuspóir na Treorach seo, agus i bhfianaise Airteagal 5 de Threoir 93/13/CEE an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóirí (IO 1993 L 95, P. 29) a léiriú sa chiall go gcuirtear cosc leis ar an gcleachtas maidir le forálacha a áireamh i gconarthaí creidmheasa tomhaltóra nach de thoradh socruithe aonair idir an soláthróir (iasachtóir) agus forálacha an tomhaltóra (iasachtaí) lena nochtar an ráta iasachta agus luach iomlán an úis chaipitlithe arna shloinneadh i méideanna a cheanglaítear ar an tomhaltóir a íoc i gcomhlíonadh a oibleagáide a eascraíonn as an gconradh seo, gan a chur in iúl go soiléir don tomhaltóir an tráth céanna gur méid seachas an méid creidmheasa a íocadh iarbhír leis an tomhaltóir an bonn chun an t-ús caipitlithe (arna shloinneadh mar mhéid) a ríomh, agus go háirithe, gurb é suim an mhéid creidmheasa a íocadh amach leis an tomhaltóir agus costais chreidmheasa neamhúsmhara (is é sin le rá, coimisiúin nó táillí eile nach comhpháirteanna den mhéid creidmheasa a íocadh amach leis an tomhaltóir iad, agus arb ionann é agus an méid iomlán atá le híoc ag an tomhaltóir i gcomhlíonadh a oibleagáide faoin gconradh creidmheasa tomhaltóra)?

([1]) IO 2008, L 133, lch. 66.
([2]) IO 1993, L 95, lch. 29.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Upravni sud u Zagrebu (an Chróit) an 2 Samhain 2022 — LM v Ministarstvo financija Republike Hrvatske, Samostalni sektor za drugostupanjski upravni postupak**

**(Cás C-682/22)**

(2023/C 35/40)

*Teanga an cháis: an Chróitis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Upravni sud u Zagrebu

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* LM

*Cosantóir:* Ministarstvo financija Republike Hrvatske, Samostalni sektor za drugostupanjski upravni postupak

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 26(2)(c) den Chreat-Chomhaontú idir Rialtas Phoblacht na hAlbáine agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le rialacha comhair a bhaineann le cabhair airgeadais Comhphobail do Phoblacht na hAlbáine faoi chuimsiú cur i bhfeidhm na cabhrach faoi na hIonstraimí um Chúnamh Réamhaontachais a síníodh an 18 Deireadh Fómhair 2007 a léiriú sa chaoi go n-eisiatar leis, go mbeadh Ballstát, sa chás seo, Poblacht na Cróite, inniúil

chun cáin a leagadh síos ar an ioncaim a fuair ceann dá shaoránaigh i rith na bliana 2016 mar shaineolaí fadtéarmach don obair a rinneadh ar chríoch na hAlbáine i leith tionscadail a bhfuil institiúidí Stát na hAlbáine mar thairbhithe agus arna maoiniú ag an Aontas Eorpach i gcomhthéacs na nIonstraimí um Chúnamh Réamhaontachais IPA 2013?

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil) arna taisceadh an 4 Samhain 2022 — Adusbef — Associazione difesa utenti servizi bancari e finanziari agus páirtithe eile v Presidenza del Consiglio dei ministri agus páirtithe eile

**(Cás C-683/22)**

(2023/C 35/41)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóirí:* Adusbef – Associazione difesa utenti servizi bancari e finanziari, AIPE – Associazione italiana pressure equipment, Confimi Industria Abruzzo – Associazione dell'industria manifatturiera e dell'impresa privata dell'Abruzzo

*Cosantóirí:* Presidenza del Consiglio dei ministri, Ministero dell'Economia e delle Finanze, Ministero delle Infrastrutture e della Mobilità sostenibili, DIPE – Dipartimento programmazione e coordinamento della politica economica, Autorità di regolazione dei trasporti, Corte dei Conti, Avvocatura Generale dello Stato

### Na ceisteanna a tharchuirtear:

1) An bhfuil sé contrártha do dhlí [an Aontais] an reachtaíocht náisiúnta a léiriú sa chiall go bhféadfaidh an t-údarás dámhachtana nós imeachta a thionscnamh maidir le modhnú suibiachtúil agus oibiachtúil a dhéanamh ar lamháltas mótarbhealaigh bailí nó ar athchaibidliú an lamháltais sin, gan measúnú agus seasamh a chur in iúl maidir leis an oibleagáid nós imeachta um sholáthar poiblí a sheoladh?

2) An bhfuil sé contrártha do dhlí [an Aontais] an reachtaíocht náisiúnta a léiriú sa chiall go bhféadfaidh an t-údarás dámhachtana nós imeachta a thionscnamh maidir le modhnú suibiachtúil agus oibiachtúil a dhéanamh ar lamháltas mótarbhealaigh bailí nó ar athchaibidliú an lamháltais sin, gan measúnú a dhéanamh ar iontaofacht lamháltóra a rinne mainneachtain thromchúiseach oibleagáidí a chomhlíonadh?

3) I gcás ina sainaithnítear sárú ar phrionsabal maidir le soláthar poiblí agus/nó i gcás ina bhfuarthas amach go bhfuil sealbhóir lamháltais mótarbhealaigh neamhiontaofa, an bhforchuirtear oibleagáid le reachtaíocht [an Aontais] deireadh a chur leis an gcaidreamh?

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale di Oristano (an Iodáil) arna taisceadh an 9 Samhain 2022 — S. G. v Unione di comununi Alta Marmilla

**(Cás C-689/22)**

(2023/C 35/42)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Tribunale di Oristano

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* S. G.

*Cosantóir:* Unione di Comuni Alta Marmilla

**An cheist a tharchuirtear**

An gá Airteagal 31(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 7(2) de Threoir 2003/88/CE, a mheastar ar leithligh, a léiriú [1] sa chiall go gcuirtear cosc ar fhorálacha nó ar chleachtais náisiúnta, bunaithe ar chomhlíonadh srianta airgeadais phoiblí, faoinar féidir sochair airgeadais a bhronnadh ar na húdaráis phoiblí, lena n-áirítear foireann bhainistíochta, in ionad saoire a fabhraíodh agus nár tógadh iad tráth foirceanta an chaidrimh?

(1) Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre (IO 2003 L 299, lch. 9).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy dla m.st. Warszawy w Warszawie (an Pholainn) a taisceadh an 10 Samhain 2022 – I. sp. z o.o. v M.W.**

**(Cás C-693/22)**

(2023/C 35/43)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Rejonowy dla m.st. Warszawy w Warszawie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* I. sp. z. o.o.

*Cosantóir:* M.W.

**An cheist a tharchuirtear:**

Ar cheart Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), [1] i gcomhar le hAirteagal 6(1)(a), (c) agus (e) den Rialachán sin, chomh maith le hAirteagal 6(3) de, a léiriú mar chosc ar fhoráil den dlí náisiúnta lena gceadaítear an díol, in imeachtaí forfheidhmithe, de bhunachar sonraí, de réir bhrí Airteagal 1(2) de Threoir 96/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 1996 maidir le cosaint dhlíthiúil bunachar sonraí [2], ina bhfuil sonraí pearsanta, murar thoiligh an t-ábhar sonraí lena leithéid de dhíol?

(1) IO 2016 L 119, lch. 1.
(2) IO 1996 L 77, lch. 20.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Městský soud v Praze (Poblacht na Seice) a taisceadh an 10 Samhain 2022 – Fondee a.s. v Česká národní banka**

**(Cás C-695/22)**

(2023/C 35/44)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Městský soud v Praze

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Fondee a.s.

*Cosantóir:* Česká národní banka

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. I gcás duine atá eisiata, de bhun Airteagal 3(1) de Threoir 2014/65/AE ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (MiFID II), ó raon feidhme na Treorach sin, agus nach bhfuil an tsaoirse aige, de bhun Airteagal 3(3) den Treoir, chun seirbhísí a sholáthar mar a shainmhínítear í in Airteagal 34 di, an bhfuil ag an duine sin an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, a chorpraítear in Airteagal 56 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, mura soláthraíonn sé féin seirbhísí infheistíochta ar bhonn pas Eorpach aonair do chliant atá bunaithe i mBallstát eile, ach má fhaigheann sé seirbhís infheistíochta ó eintiteas eachtrach a úsáideann pas Eorpach aonair nó má ghlacann sé páirt eile ina soláthar don chliant deiridh (gníomhaíonn sé mar idirghabhálaí)?

2. I gcás go dtugtar freagra dearfach ar an gceist thuas, an gcuirtear cosc le dlí an Aontais Eorpaigh, eadhon Airteagal 56 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar reachtaíocht lena gcuirtear toirmeasc ar bhróicéir infheistíochta ordú cliaint a tharchur chuig trádálaí urrús eachtrach?

([1]) IO 2014 L 173, lch. 349

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Apelativen sad Varna (an Bhulgáir) a taisceadh an 14 Samhain 2022 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne TP agus OF**

**(Cás C-698/22)**

(2023/C 35/45)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Apelativen sad Varna

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

TP agus OF

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

I. An bhfeadfadh substaintí, cé nach bhfuil siad leagtha síos in Iarscríbhinn I de Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2004, bíodh go sainaithnítear go n-úsáidtear iad le haghaidh monarú aindleathach drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha, a bheith ina n-ábhar den chion de gháinneáil neamhdhleathach thar teorainneacha náisiúnta de réir bhrí Airteagal 242(3) de NK (mar ábhar), cé nach bhfuil gá faoin dlí náisiúnta ná faoi dhlí AE is infheidhme le socruithe allmhairiúcháin speisialta i dtaobh substaintí den sórt sin? Is foráil ghinearálta é Airteagal 242(3) de NK ina dtagraítear d'fhorálacha speisialta eile lena rialaítear go sainráite an t-allmhairiú de réamhtheachtaí drugaí. An bhfuil an fhoráil náisiúnta in Airteagal 242(3) de NK (a chomhfhreagraíonn ó thaobh ábhair de don fhoráil sa dara habairt d'Airteagal 354a de NK) i gcomhréir, sa chaoi sin, le hAirteagal 49 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 7 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, a mhéid is nach bhfuil aon cheanglas dlí ann i leith ábhar den sórt sin a allmhairiú a d'fhéadfadh cur leis an bhforáil ghinearálta choiriúil?

II. Más freagra dearfach a thabharfar ar an gceist sin:

II.1. Cad is brí le "a úsáidtear le haghaidh monarú aindleathach drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha" de réir bhrí Airteagal 2(b) de Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 agus an gcaithfear sin a léiriú sa chaoi nach gcuimsíonn sé ach substaintí a mheascadh le haghaidh monarú drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha nó an féidir leis teacht faoin mbrí freisin go bhfuil ról ag na substaintí in imoibriúcháin cheimiceacha le haghaidh sintéisí drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha?

II.2. Cinneadh gur réamhtheachtaí láithreach amfataimín é an tsubstaint APAA i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1737 ([2]) an 14 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle maidir le réamhtheachtaithe drugaí áirithe a chuimsiú i liosta na substaintí sceidealaithe agus cláraíodh é i gCatagóir 1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 273/2004 agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Uimh. 111/2005. Go dtí gur cláraíodh ansin é, an bhféadfaí APAA a mheas mar shubstaint/ábhar a úsáidtear le haghaidh monarú aindleathach drugaí támhshuanacha nó substaintí síceatrópacha agus cad iad na rialacha allmhairiúcháin a bhain leis mar thoradh air sin?

III. An bhféadfaí a mheas gurb ionann gníomhaíochtaí agus iompar a bhaineann le monarú substaintí, de réir bhrí Airteagal 2(a) de Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 (APAAN agus PNK), a mhaoiniú, a shocrú agus a eagrú, lena n-áirítear fostú daoine nádúrtha agus/nó dlíthiúla eile a thugann go díreach faoin dearbhú custaim a dhéanamh agus na doiciméid custaim le haghaidh an allmhairiú a dhréachtú, agus "gníomhaíochtaí idirghabhálacha", "oibreoir" nó "allmhaireoir" de réir bhrí Airteagal 2(e), (f) agus (h) de Rialachán Uimh. 111/2005?

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha chun monatóireacht a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an Comhphobal agus tríú tíortha (IO 2005 L 22, lch. 1).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1737 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle maidir le réamhtheachtaithe drugaí áirithe a chuimsiú i liosta na substaintí sceidealaithe (IO 2020 L 392, lch. 1).

**Achomharc arna thabhairt ag an gCoimisiún Eorpach an 24 Samhain 2022 i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra) an 14 Meán Fómhair 2022 i gCás T-775/20, PB v an Coimisiún**

**(Cás C-721/22 P)**

(2023/C 35/46)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: J. Baquero Cruz, B. Araujo Arce, J. Estrada de Solà, Gníomhairí).

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* PB, Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— an chéad mhír agus an tríú mír de chuid oibríochtúil bhreithiúnais Chúirt Ginearálta an Aontais Eorpaigh an 14 Meán Fómhair 2022 i gCás T-775/20 a neamhniú;

— an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun cinneadh a fháil maidir le substaint na caingne le haghaidh neamhniú; agus

— a ordú do PB na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Chun tacú leis an achomharc, braitheann an Coimisiún ar fhoras neamhnithe lena líomhnaítear earráid dlí.

Cuireann an Coimisiún i gcoinne chinneadh na Cúirte Ginearálta a bhreithníonn, i mír 65 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar bhonn réasúnaíochta mhíreanna 51 go 64 den bhreithiúnas sin, nach féidir le Rialachán CLA ([1]) "dá bhrí sin, a bheith ina bhunús dlí ábhartha ann féin chun críocha bearta riaracháin a ghlacadh ag iarraidh méideanna a íocadh go míchuí a ghnóthú". [aistriúchán neamhoifigiúil]

Déanann an Chúirt Ghinearálta earráid dlí toisc go bhforáiltear le hAirteagal 4 agus le hAirteagal 7 de Rialachán CLA bonn uathrialach agus beacht go leor chun bearta riaracháin aisghabhála a ghlacadh, ar bearta iad nach pionóis iad.

I mír 69 dá breithiúnas, tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid ar deireadh nach gceadaítear le cur i bhfeidhm comhpháirteach Airteagal 103 den Rialachán Airgeadais 2002 agus Airteagal 4 agus Airteagal 7 den Rialachán CLA beart a ghlacadh i gcoinne an iarratasóra ag an gcéad chéim, ós rud é nárbh é tairbhí díreach na n-íocaíochtaí é.

Dar leis an gCoimisiún, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí toisc gurb ionann Airteagal 7 de Rialachán CLA, a chuireadh i bhfeidhm i gcomhar le hAirteagal 4 den Rialachán sin agus le hAirteagal 103 de Rialachán Airgeadais 2002, agus foráil atá soiléir agus beacht a dhóthain chun aisghabháil ón iarratasóir ag an gcéad chéim a cheadú, fiú murar tairbhí díreach na n-íocaíochtaí atá i gceist é.

(1) Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO 1995 L 312, lch. 1).

---

**Iarratas ar údarú ordú gairnisí a sheirbheáil arna dhéanamh an 30 Samhain 2022 – Ntinos Ramon v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-742/22 SA)**

(2023/C 35/47)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ntinos Ramon (ionadaithe: Achilleas Dimitriadis agus Charalampos Pogiatzis, dikigoroi, agus Pavlos Eleftheriadis, Abhcóide)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— a ordú go dtarscaoilfí díolúine an Choimisiúin Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Phrótacal (Uimh. 7) ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus seirbheáil agus cur chun feidhme an ordaithe idirbhreithigh gairnisí ar thríú páirtí a údarú, ar eisigh Eparchiako Dikastirio Ammochostou (Cúirt Dúiche Famagusta, an Chipir) don Choimisiún Eorpach an 23 Meitheamh 2022 faoi réir a dhíolúine a tharscaoileadh agus a bhaineann leis na héilimh ar mhéid EUR 622 114,52 ag an Uasal Ramon i gcoinne Phoblacht na Tuirce, ar dheonaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine don iarratasóir in 2010 ar an bhforas gur sáraíodh a chuid cearta lena mhaoin a choinneáil go neamhdhleathach ag údaráis na Tuirce;

— aon bheart agus/nó cúiteamh eile a ordú a rialóidh an Chúirt gur cóir cothromasach é in imthosca an cháis;

— a ordú don Choimisiún Eorpach na costais móide CBL a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

*Tá roinnt infháltais ag Poblacht na Tuirce atá neamhchonspóidithe, leachtach agus infhorfheidhmithe i gcoinne an Aontais Eorpaigh de réir na gcomhaontuithe airgeadais seo a leanas idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc:*

(a) *Comhaontú Airgeadais 2018 maidir leis an "gClár Gníomhaíochtaí Ilbhliantúil don Tuirc 2018" an 6 Samhain 2019, arb ionann é agus EUR 98,4 milliún;*

(b) *Comhaontú Airgeadais 2019 maidir leis an "gClár Gníomhaíochtaí Ilbhliantúil don Tuirc 2019" an 4 Meitheamh 2020, arb ionann é agus EUR 157,7 milliún ar a mhéid;*

(c) *Comhaontú Airgeadais 2020 maidir leis an "gClár Gníomhaíochtaí Ilbhliantúil don Tuirc 2019" an 26 Márta 2021, arb ionann é agus EUR 122 milliún ar a mhéid.*

Féachtar go háirithe leis an gcúnamh réamhaontachais cabhrú le Poblacht na Tuirce dul i dtreo athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear í ag teacht níos mó leis an *acquis communautaire*, lena n-áirítear urraim don smacht reachta agus cosaint chearta an duine.

Baineann an t-ordú gairnisí atá á lorg ag an iarratasóir le breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 26 Deireadh Fómhair 2010, *Ramon* v *an Tuirc*, (CE:ECHR:2010:1026JUD002909295) a chur chun feidhme agus is ionann é agus beart chun cearta an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a urramú.

Ní chuirfear idir bhac ar fheidhmiú cuí an Aontais Eorpaigh nó srian ar a neamhspleáchas leis an ordú gairnisí i gcoinne na méideanna is iníoctha ag an Aontas leis an Tuirc. A mhalairt ar fad, cuirfear le baint amach ceann de na príomhchuspóirí leis an gcúnamh réamhaontachais a dheonófar don Tuirc, eadhon an smacht reachta a urramú agus cearta an duine a chosaint ag an Stát is iarrthóir ar aontachas don Aontas.

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022 – PKK v an Chomhairle**

**(Cásanna Uamtha T-316/14 RENV agus T-148/19)** ([1])

***(An comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i gcoinne PKK d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac – Cistí a reo – Comhsheasamh 2001/931/CBES – Infheidhmeacht maidir le cásanna coinbhleachta armtha – Grúpa sceimhlitheoireachta – Bunús fíorasach na gcinntí chun cistí a reo – Cinneadh a rinne údarás inniúil – Údarás tríú Stáit – Athscrúdú – Comhréireacht – Oibleagáid cúiseanna a lua – Cearta cosanta – An ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach – Modhnú ar an iarratas)***

(2023/C 35/48)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Kurdistan Workers' Party (PKK) (ionadaithe: A. van Eik agus T. Buruma, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: S. Van Overmeire agus B. Driessen, Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir i gCás T-316/14 RENV:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: T. Ramopoulos, J. Norris, J. Roberti di Sarsina agus R. Tricot, Gníomhairí)

*Idiragraithe, mar thaca leis an gcosantóir sa chaingean:* Poblacht na Fraince (ionadaithe: A.-L. Desjonquères, B. Fodda agus J.-L. Carré, Gníomhairí), Ríocht na hÍsiltíre (ionadaithe: M. Bulterman agus J. Langer, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean i gCás T-316/14 RENV faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar na bearta a leanas a neamhniú:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 125/2014 ón gComhairle an 10 Feabhra 2014, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 714/2013 (IO 2014 L 40, lch 9);

— Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 790/2014 ón gComhairle an 22 Iúil 2014, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2 (3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 125/2014 (IO 2014 L 217, lch 1);

— Cinneadh (CBES) 2015/521 ón gComhairle an 26 Márta 2015 lena nuashonraítear agus lena leasaítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le cur i bhfeidhm beart sonrach chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/483/CBES (IO 2015 L 82, lch. 107);

— Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 2015/513 ón gComhairle an 26 Márta 2015, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 790/2014 (IO 2015 L 82, lch 1);

— Cinneadh (CBES) 2015/1334 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le cur i bhfeidhm beart sonrach chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2015/521 (IO 2015 L 206, lch. 61);

— Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 2015/1325 ón gComhairle an 31 Iúil 2015, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/513 (IO 2015 L 206, lch 12);

— Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 2015/2425 ón gComhairle an 21 Nollaig 2015, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/1325 (IO 2015 L 334, lch 1);

— Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 2016/1127 ón gComhairle an 12 Iúil 2016, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/2425 (IO 2016 L 188, lch 1);

— Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 2017/150 ón gComhairle an 27 Eanáir 2017, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/1127 (IO 2017 L 23, lch 3);

— Cinneadh (CBES) 2017/1426 ón gComhairle an 4 Lúnasa 2017 lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le cur i bhfeidhm beart sonrach chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2017/154 (IO 2017 L 204, lch. 95);

— Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 2017/1420 ón gComhairle an 4 Lúnasa 2017, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/150 (IO 2017 L 204, lch 3), a mhéid a bhaineann na forálacha sin leis.

Trína chaingean i gCás T-148/19 faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar na bearta a leanas a neamhniú:

— Cinneadh (CBES) 2019/25 ón gComhairle an 8 Eanáir 2019 lena nuashonraítear agus lena leasaítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le cur i bhfeidhm beart sonrach chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2018/1084 (IO 2019 L 6, lch. 6);

— Cinneadh (CBES) 2019/1341 ón gComhairle an 8 Lúnasa 2019 lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le cur i bhfeidhm beart sonrach chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2019/25 (IO 2019 L 209, lch. 15);

— Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 2019/1337 ón gComhairle an 8 Lúnasa 2019, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. (UE) 2019/24 (IO 2019 L 209, lch 1);

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/19 ón gComhairle an 13 Eanáir 2020, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/1337 (IO 2020 L 8I, lch 1);

— Cinneadh (CBES) 2020/1132 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le cur i bhfeidhm beart sonrach chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2020/20 (IO 2020 L 247, lch. 18);

— Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 2020/1128 ón gComhairle an Déardaoin 30 Iúil 2020, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/19 (IO 2020 L 247, lch 1), a mhéid a bhaineann na forálacha sin leis.

## An chuid oibríochtúil

1) Déantar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 125/2014 ón gComhairle an 10 Feabhra 2014, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 714/2013, agus Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 790/2014 ón gComhairle an 22 Iúil 2014, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 125/2014, a neamhniú, a mhéid a bhaineann siad leis an Kurdistan Workers' Party (PKK).

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean i gCás T-316/14 RENV.

3) Diúltaítear don chaingean i gCás T-148/19.

4) Ordaítear do PKK agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh a gcostais féin arna dtabhú san cásanna T-316/14, C-46/19 P, T-316/14 RENV agus T-148/19 a íoc.

5) Ordaítear don Choimisiún Eorpach, do Phoblacht na Fraince agus do Ríocht na hÍsiltíre a gcostais féin a íoc.

(1) IO C 245, 28.7.2014.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022 – Trasta Komercbanka agus páirtithe eile v BCE**

**(Cás T-698/16)** (1)

***(Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa – Cúraimí maoirseachta sonracha a tugadh do BCE – Cinneadh chun údarú institiúide creidmheasa a tharraingt siar – Bás iarratasóra – Ní gá breith a thabhairt go páirteach – Cumhachtaí údaráis náisiúnta na mBallstát rannpháirteach agus BCE laistigh den Mheicníocht Maoirseachta Aonair – Cóir chomhionann – Comhréireacht – Prionsabal an ionchais dhlisteanaigh – Deimhneacht dhlíthiúil – Mí-úsáid cumhachtaí – Cearta na cosanta – Oibleagáid cúiseanna a lua)***

(2023/C 35/49)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóirí:* Trasta Komercbanka AS (Ríge, an Laitvia) agus na 6 iarratasóir eile a n-ainmnítear san iarscríbhinn leis an mbreithiúnas (ionadaí: O. Behrends, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: E. Koupepidou, C. Hernández Saseta agus A. Witte, i gcáil Gníomhairí, le cabhair ó B. Schneider, Dlíodóir)

*Idirghabhálaithe, mar thaca leis an gcosantóir:* Poblacht na Laitvia (ionadaithe: K. Pommere agus J. Davidoviča, i gcáil Gníomhairí), An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: V. Di Bucci agus A. Steiblytė, i gcáil Gníomhairí)

## Ábhar

Trína gcaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go gcuirfí cinneadh ECB/SSM/2016 – 529900WIP0INFDAWTJ81/2 WOANCA-2016-0005 an BCE an 11 Iúil 2016 lena tarraingaíodh siar údarú Trasta Komercbanka chun rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní gá a thuilleadh breith a thabhairt ar an gcaingean a mhéid a thug an tUasal Igors Buimisters é;

2) Diúltaítear don chaingean.

3) Ordaítear do Trasta Komercbanka AS agus na hiarratasóirí eile a bhfuil a n-ainmnítear san iarscríbhinn, cé is moite den Uasal Buimisters, na costais a íoc.

4) Ordaítear don Uasal Buimisters a chostais féin a íoc.

5) Ordaítear don Choimisiún Eorpach agus do Phoblacht na Laitvia a gcostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 441, 28.11.2016.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022 – an Ostair v an Coimisiún**

**(Cás T-101/18)** ([1])

***(Státchabhair – An tionscal núicléach – Cabhair arna bheartú ag an Ungáir chun dhá imoibreoir núicléach nua a fhorbairt ag stáisiún Paks – Cinneadh lena ndearbhaítear go bhfuil an chabhair ag luí leis an margadh inmheánach faoi réir gealltanas áirithe a chomhlíonadh – Airteagal 107(3)(c) CFAE – Comhoiriúnacht na cabhrach le dlí an Aontais seachas an dlí maidir le státchabhair – Nasc doscartha – Fuinneamh núicléach a chur chun cinn – Airteagal 192(1) de Chonradh Euratom – Prionsabail chosaint an chomhshaoil, íoc mar a thruaillítear, an réamhchúraim agus na hinbhuanaitheachta – An ghníomhaíocht eacnamaíoch lena mbaineann a chinneadh – Teip sa mhargadh – Saobhadh iomaíochta – Comhréireacht na cabhrach – An gá atá le hidirghabháil Stáit – Eilimintí na cabhrach a chinneadh – Nós imeachta um sholáthar poiblí – Oibleagáid cúiseanna a lua)***

(2023/C 35/50)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Poblacht na hOstaire (ionadaithe: J. Schmoll, F. Koppensteiner, M. Klamert agus T. Ziniel, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó H. Kristoferitsch, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: K. Blanck, K. Herrmann agus P. Němečková, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an iarratasóir:* Ard-Diúcacht Lucsamburg (ionadaithe: A. Germeaux agus T. Schell, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó P. Kinsch, Dlíodóir)

*Idiragraithe, mar thaca leis an gcosantóir:* Poblacht na Seice (ionadaithe: M. Smolek, J. Vláčil, T. Müller, J. Pavliš agus L. Halajová, i gcáil Gníomhairí), Poblacht na Fraince (ionadaithe: E. de Moustier agus P. Dodeller, i gcáil Gníomhairí), an Ungáir (ionadaithe: M. Fehér, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó P. Nagy, N. Gràcia Malfeito, B. Karsai, Dlíodóirí agus C. Bellamy, KC), Poblacht na Polainne (ionadaí: B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire), Poblacht na Slóvaice (ionadaí: S. Ondrášiková, i gcáil Gníomhaire), Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (ionadaithe: F. Shibli, L. Baxter agus S. McCrory, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó T. Johnston, Abhcóide)

**Ábhar**

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann Poblacht na hOstaire go ndéanfaí Cinneadh (AE) 2017/2112 ón gCoimisiún an 6 Márta 2017, maidir leis an mbeart/scéim chabhrach/Státchabhair SA.38454 – 2015/C (ex 2015/N) atá beartaithe ag an Ungáir a chur chun feidhme mar thaca le dhá imoibreoir núicléach nua a fhorbairt ag stáisiún cumhachta núicléiche Paks II (IO 2017 L 317, lch. 45), a neamhiú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do Phoblacht na hOstaire a costais féin agus iad siúd arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.

3) Ordaítear do Phoblacht na Seice, do Phoblacht na Fraince, d'Ard-Diúcacht Lucsamburg, don Ungáir, do Phoblacht na Polainne, do Phoblacht na Slóvaice agus do Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a gcostais féin a íoc.

(1) IO C 152, 30.4.2018.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – PNB Banka v BCE**

**(Cás T-275/19)** (1)

***(Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa – Cumhachtaí an BCE – Cumhachtaí imscrúdaithe – Cigireachtaí ar an láthair – Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 – Cinneadh BCE cigireacht a dhéanamh ag áitreabh institiúide creidmheasa nach bhfuil chomh suntasach sin – Caingean le haghaidh neamhniú – Gníomh atá faoi réir achomhairc – Inghlacthacht – Dlínse an BCE – Oibleagáid cúiseanna a lua – Gnéithe lena dtugtar bonn cirt le cigireacht – Airteagal 106 de na Rialacha Nós Imeachta – Iarratas ar éisteacht gan cúis)***

(2023/C 35/51)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* PNB Banka AS (Ríge, an Laitvia) (ionadaí: O. Behrends, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: C. Hernández Saseta, F Bonnard agus V. Hümpfner, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: D. Triantafyllou, A. Nijenhuis agus A. Steiblytė, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ar tugadh fógra ina leith i litir an 14 Feabhra 2019, cigireacht ar an láthair a dhéanamh ar a áitreabh a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do PNB Banka AS a chostais féin agus iad siúd arna dtabhú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) a íoc.

3) Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin a íoc.

(1) IO C 213, 24.6.2019.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – PNB Banka v BCE**

**(Cás T-301/19)** [1]

***(Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa – Airteagal 6(5)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 – An gá atá le maoirseacht dhíreach ag BCE ar institiúid chreidmheasa nach bhfuil chomh suntasach sin – Iarratas ón údarás inniúil náisiúnta – Airteagal 68(5) de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 – Cinneadh BCE lena n – aicmítear PNB Banka mar eintiteas suntasach atá faoi réir a mhaoirseachta stuamachta dhíreach – Oibleagáid cúiseanna a lua – Comhréireacht – Cearta cosanta – Rochtain ar chomhad riaracháin – Tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 68(3) de Rialachán Uimh. 468/2014 – Airteagal 106 de na Rialacha Nós Imeachta – Iarratas ar éisteacht gan cúis)***

(2023/C 35/52)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* PNB Banka AS (Ríge, an Laitvia) (ionadaí: O. Behrends, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: C. Hernández Saseta, F Bonnard agus D. Segoin, Gníomhairí)

## Ábhar

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ar tugadh fógra ina leith i litir an 1 Márta 2019, chun é a aicmiú mar eintiteas suntasach faoi réir a mhaoirseacht stuamachta dhíreach, a neamhniú.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do PNB Banka AS a chostais féin agus iad siúd a thabhaigh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) a íoc.

[1] IO C 246, 22.7.2019.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – PNB Banka v BCE**

**(Cás T-330/19)** [1]

***(Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa – Airteagal 22 de Threoir 2013/36/AE – Agóid ag BCE i gcoinne cheannach sealúchais cháilitheacha in institiúid chreidmheasa – Túsphointe na tréimhse mheasúnaithe – Idirghabháil BCE le linn céim tosaigh an nós imeachta – Critéir chobhsaíochta airgeadais an fhaighteora bheartaithe agus comhlíonadh na gceanglas stuamachta – Foras réasúnach a bheith ann chun cur i gcoinne an cheannaigh ar bhonn critéar meastóireachta amháin nó roinnt critéar meastóireachta – Airteagal 106 de na Rialacha Nós Imeachta – Iarratas ar éisteacht gan cúis)***

(2023/C 35/53)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* PNB Banka AS (Ríge, an Laitvia) (ionadaí: O. Behrends, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: C. Hernández Saseta, F Bonnard agus V. Hümpfner, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: D. Triantafyllou, A. Nijenhuis agus A. Steiblytė, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ar tugadh fógra ina leith i litir an 21 Márta 2019, lenar chur an institúid sin i gcoinne cheannach sealúchais cháilitheacha in B, a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do PNB Banka AS a chostais féin agus iad siúd arna dtabhú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) a íoc.

3) Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 270, 12.8.2019.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – PNB Banka v BCE**

**(Cás T-230/20)** ([1])

***(Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa – Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 – Cúraimí maoirseachta sonracha ag an BCE – Cinneadh údarú na hinstitiúide creidmheasa PNB Banka a tharraingt siar – Togra chun údarú an údaráis inniúil náisiúnta a tharraingt siar – Cinneadh dócmhainneachta PNB Banka – Tréimhse réasúnta – Oibleagáid cúiseanna a lua – Comhréireacht)***

(2023/C 35/54)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* PNB Banka AS (Ríge, an Laitvia) (ionadaí: O. Behrends, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: C. Hernández Saseta, F Bonnard agus V. Hümpfner, Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* Poblacht na Laitvia (ionadaithe: K. Pommere, J. Davidoviča agus E. Bārdiņš, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE) an 17 Feabhra 2020, ECB-SSM-220-LVPNB-1, WHD-2019-0016 lenar tarraingíodh siar a údarú institiúid creidmheasa, a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do PNB Banka AS a chostais féin agus iad siúd a thabhaigh an Banc Ceannais Eorpach, lena n-áirítear na costais a bhaineann leis na himeachtaí eatramhacha, a íoc.

3) Ordaítear do Phoblacht na Laitvia a costais féin a íoc.

(1) IO C 209, 22.6.2020.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Samhain 2022 – Westfälische Drahtindustrie agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-275/20)** [1]

***(Caingean le haghaidh neamhniú agus cúitimh – Iomaíocht – Cairtéil – Margadh europach do chruach réamhstrusála – Cinneadh lena gcinntear go raibh sárú ar Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE – An oibleagáid ráthaíocht bainc a sholáthar a chur ar fionraí – Sceideal íocaíochtaí arna ndéanamh ar bhonn eatramhach – Breithiúnas lena gcuirtear cinneadh ar neamhní go páirteach agus lena socraítear fíneáil atá comhionann leis an bhfíneáil a gearradh ar dtús – Íocaíochtaí arna ndéanamh ar bhonn sealadach a leithdháileadh – Ús ar riaráistí – An chéad mhír d'Airteagal 266 CFAE – Saibhriú éagórach – Sárú sách tromchúiseach ar riail dlí a thugann cearta do dhaoine aonair – Íocaíocht mhíchuí a aisghabháil – Easpa bunúis dlí – Neamhdhleathacht)***

(2023/C 35/55)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

## Páirtithe

*Iarratasóirí:* Westfälische Drahtindustrie GmbH (Hamm, an Ghearmáin), Westfälische Drahtindustrie Verwaltungsgesellschaft mbH & Co. KG (Hamm), Pampus Industriebeteiligungen GmbH & Co. KG (Iserlohn, an Ghearmáin) (ionadaithe: O. Duys agus N. Tkatchenko, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Rossi agus L. Mantl, i gcáil Gníomhairí)

## Ábhar

Lena gcaingean, , iarrann na hiarratasóirí, ar an gcéad dul síos, faoi Airteagal 263 CFAE, go gcuirfí litir an Choimisiúin Eorpaigh an 2 Márta 2020 faoinar thug sé fógra foirmiúil dóibh suim EUR 12 236 931,69 a íoc leis ag freagairt, dar leis, d'iarmhéid gan íoc na fíneála a gearradh orthu an 30 Meán Fómhair 2010 ar neamhní; ar an dara dul síos, íocaíocht na fíneála ina iomláine trí shuim EUR 18 149 636,24 a bheith íoctha an 17 Deireadh Fómhair 2019 a admháil, agus, ar an tríú dul síos, a ordú don Choimisiúin suim EUR 1 633 085,17, móide ús ón dáta sin, a íoc le WDI, mar gheall ar shaibhriú éagórach na hinstitiúide sin. Éilíonn na hiarratasóirí, sa rogha eile, ar bhonn Airteagal 268 CFAE, ordú go n-íocfaidh an Coimisiún suim EUR 12 236 931,69 leo, arna éileamh ag an gCoimisiún ón iarratasóir WDI, agus suim atá comhionann le méid na ró-íocaíochta a fuair an institiúid sin, suas le EUR 1 633 085,17, móide ús ón 17 Deireadh Fómhair 2019 go dtí go n-aisíocfar an tsuim atá dlite ina iomláine.

## An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Westfälische Drahtindustrie GmbH, Westfälische Drahtindustrie Verwaltungsgesellschaft mbH & Co. KG et Pampus Industriebeteiligungen GmbH & Co. KG na costais a íoc.

(1) IO C 247 an 27.7.2020.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – an Liotuáin v an Coimisiún**

**(Cás T-537/20)** [1]

***(CERT agus CETFT – Caiteachas arna eisiamh ó mhaoiniú – Caiteachas arna thabhú ag an Liotuáin – Tacaíocht le haghaidh luathscoir – Airteagal 52(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 – Airteagal 34(6) agus Airteagal 35(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014)***

(2023/C 35/56)

*Teanga an cháis: an Liotuáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Poblacht na Liotuáine (ionadaithe: R. Dzikovič agus K. Dieninis, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: J. Aquilina, J. Jokubauskaitė agus M. Kaduczak, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann Poblacht na Liotuáine go ndéanfaí an Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/859 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2020, lena n-eisiatar ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe a thabhaíonn na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO 2020 L 195, lch. 59) a neamhniú, sa mhéid go bhforchuireadh leis ceartúchán ar ráta comhréidh 5 % air, rud a d'fhág as an áireamh méid EUR 2 186 447,97 den mhaoiniú a íocadh faoin mbeart tacaíochta luathscoir le linn na tréimhse ón 16 Deireadh Fómhair 2013 go dtí an 30 Meitheamh 2018.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do Phoblacht na Liotuáine na costais a íoc.

---

[1] IO C 359, 26.10.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – CCPL agus Eile v an Coimisiún**

**(Cás T-130/21)** [1]

***(Iomaíocht – Cairtéil – Pacáistiú bia le haghaidh trádáil miondíola – Cinneadh lena n-athraítear méid na fíneála – Modhanna ríomh na fíneála – Inchurthacht an iompair sháraithe – Treoirlínte maidir le méid fíneálacha 2006 a ríomh – Uasteorainn na fíneála – Comhréireacht – Cóir chomhionann – Cumas íocaíochta)***

(2023/C 35/57)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* CCPL – Consorzio Cooperative di Produzione e Lavoro SC (Reggio d'Emilie, an Iodáil), Coopbox Group SpA (Bibbiano, an Iodáil), Coopbox Eastern s.r.o. (Nové Mesto nad Váhom, an tSlóvaic) (ionadaithe: E. Cucchiara agus E. Rocchi, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Rossi agus T. Baumé, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go ndéanfaí Cinneadh C(2020) 8940 críochnaitheach ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leasaítear méid na bhfíneálacha a fhorchuirtear le Cinneadh C(2015) 4336 críochnaitheach an 24 Meitheamh 2015 maidir le himeacht de bhun Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE a chur i bhfeidhm (Cás AT.39563 – Pacáistiú bia le haghaidh trádáil miondíola).

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do CCPL – Consorzio Cooperative di Produzione e Lavoro SC, Coopbox Group SpA agus Coopbox Eastern s.r.o. a gcostais féin agus iad siúd a thabhaigh an Coimisiún Eorpach, lena n-áirítear na costais a bhaineann leis na himeachtaí eatramhacha, a íoc.

[1] IO C 148, 26.4.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022 – an Iodáil v an Coimisiún**

**(Cás T-221/21)** [1]

***(CERT agus CETFT – Caiteachas eisiata ó mhaoiniú – Scéim cúnaimh limistéir – Ceartuithe airgeadais – Coincheap "féarthailte buana" – Airteagal 4(1)(h) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 – Airteagal 5(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 499/2014)***

(2023/C 35/58)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Poblacht na hIodáile (ionadaithe: G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó C. Gerardis, G. Rocchitta agus E. Feola, Dlíodóirí Stáit)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Rossi, J. Aquilina agus F. Moro, i gcáil Gníomhairí)

## Ábhar

Trína caingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann Poblacht na hIodáile go gcuirfí Cinneadh Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) 2021/261 an 17 Feabhra 2021 lena n-eisítear ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe arna thabhú ag na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO 2021, L 59, lch. 10), ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé le caiteachas áirithe a thabhaigh sé.

## An chuid oibríochtúil

1) Cuirtear Cinneadh Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) 2021/261 an 17 Feabhra 2021 lena n-eisítear ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe arna thabhú ag na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) ar neamhní, a mhéid a fhorchuireann sé ceartú ráta comhréidh 2 %, maidir leis an gcúnamh limistéir a dheonaítear san Iodáil, arb ionann é agus EUR 67 368 272,99 don bhliain éilimh 2017.

2) Diúltaítear don chuid eile den iarratas.

3) Ordaítear do Phoblacht na hIodáile agus don Choimisiún Eorpach a gcostais féin a íoc.

[1] IO C 228, 14.6.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022 – KN v an Pharlaimint**

**(Cás T-401/21)** [1]

***(Dlí institiúideach – Comhalta de CESE – Nós imeachta um urscaoileadh chun buiséad CESE a chur chun feidhme don bhliain airgeadais 2019 – Rún ón bParlaimint lena n – ainmnítear an t – iarratasóir mar údar iompraíochta um chiapadh morálta – Caingean le haghaidh neamhniú – Gníomh nach bhfuil faoi réir achomhairc – Neamh – inghlacthacht – Imeachtaí le haghaidh damáistí – Cosaint sonraí pearsanta – Toimhde na neamhchiontachta – Oibleagáid rúndachta – Prionsabal an dea – riaracháin – Comhréireacht – Sárú tromchúiseach leordhóthanach ar an smacht reachta lena dtugtar cearta do dhaoine aonair)***

(2023/C 35/59)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* KN (ionadaithe: M. Casado García-Hirschfeld agus M. Aboudi, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: R. Crowe, C. Burgos agus M. Allik, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean iarrann an t-iarratasóir, ar thaobh amháin de bhun Airteagal 263 CFAE, go ndéanfaí Cinneadh (AE, Euratom) 2021/1552 ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2021 maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn VI – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (IO 2021 L 340, lch 140), chomh maith le Rún (AE) 2021/1553 ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2021 ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2019, Roinn VI – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (IO 2021 L 340, lch 141), a neamhniú, agus ar an taobh eile, de bhun Airteagal 268 CFAE, cúiteamh i gcás aon damáiste a dhéanfaí dó mar thoradh ar na gníomhartha a chonspóidtear.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do KN na costais a íoc.

---

[1] IO C 338, 23.8.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – Neoperl v EUIPO (Léiriú ar ionsáiteán sláintíochta sorcóireach)**

**(Cás T-487/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ag léiriú ionsáiteán sláintíochta sorcóireach – Suíomh-mharc tadhlach – Dearbhfhorais le diúltú – Raon feidhme an dlí – Scrúdú ex officio – Scrúdú ag an mBord Achomhairc ar an sainiúlacht – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 (Airteagal 7(1)(b) de Rialachán 2017/1001 anois) – Comhartha nach bhfuil in ann a bheith mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Easpa léiriú grafach beacht agus iomlán ann féin ar an gcarachtar tadhlach arna tháirgeadh ag an gcomhartha – Airteagal 4 agus Airteagal 7(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2007 (Airteagal 4 agus Airteagal 7(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois))***

(2023/C 35/60)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Neoperl AG (Reinach, an Eilbhéis) (ionadaí: U. Kaufmann, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: T. Klee agus D. Hanf, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 3 Meitheamh 2021 (Cás R 2327/2019-5) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 3 Meitheamh 2021 (Cás R 2327/2019-5) a neamhniú.

2) Ordaítear do EUIPO na costais a íoc.

---

([1]) IO C 391, 27.9.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Samhain 2022 – Zeta Farmaceutici v EUIPO – Specchiasol (EUPHYTOS)**

**(Cás T-515/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cealaithe – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh EUPHYTOS – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe EuPhidra – Fianaise d'fhíorúsáid an trádmhairc níos luaithe – Airteagal 56(2) agus Airteagal 43(2) de Rialachán (CE) Uimh. 40/94 (anois Airteagal 64(2) agus Airteagal 47(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001) – Tréimhsí ábhartha – Fianaise a thabhairt ar aird den chéad uair os comhair an Bhoird Achomhairc – Cumhacht mheasúnaithe an Bhoird Achomhairc – Aicmiú fianaise nua nó fianaise bhreise – Airteagal 95 (2) de Rialachán 2017/1001 – Airteagal 27(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625)***

(2023/C 35/61)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Zeta Farmaceutici SpA (Vicence, an Iodáil) (ionadaithe: F. Celluprica, F. Fischetti agus F. De Bono, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: S. Scardocchia, J. Crespo Carrillo agus D. Hanf, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Specchiasol Srl (Bussolengo, an Iodáil)

**Ábhar**

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 10 Meitheamh 2021 (Cás R 2094/2019-1) a neamhniú agus a athrú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear cinneadh an Chéad Bhoird Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 10 Meitheamh 2021 (Cás R 2094/2019-1) ar neamhní.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do EUIPO a chostais féin a íoc chomh maith leis na costais a thabhaigh Zeta Farmaceutici SpA.

---

([1]) IO C 422, 18.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022 – ADS L. Kowalik, B. Włodarczyk v EUIPO – ESSAtech (Accessoire pour télécommande sans fil)**

**(Cás T-612/21)** ([1])

***(Dearadh Comhphobail – Imeachtaí neamhbhailíochta – Dearadh Comhphobail cláraithe a léiríonn comhghabhálas do chianrialtán gan sreang – Cúis lena neamhbhailiú – Tréithe chuma táirge arna fhorchur go heisiach ag a fheidhm theicniúil – Airteagail 8(1) agus 25(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 – Fíricí arna n-agairt nó fianaise a cuireadh isteach den chéad uair os comhair an Bhoird Achomhairc – Airteagal 63(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 – Oibleagáid cúiseanna a lua – Airteagal 41(1) agus (2)(c) den Chairt um Chearta Bunúsacha)***

(2023/C 35/62)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

## Páirtithe

*Iarratasóirí:* ADS L. Kowalik, B. Włodarczyk s.c. (Sosnowiec, an Pholainn) (ionadaí: M. Oleksyn, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Chylińska agus J. Ivanauskas, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* ESSAtech (Přistoupim, Poblacht na Seice)

## Ábhar

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 14 Iúil 2021 (Cás R 1072/2020-3) ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1) Cuirtear cinneadh an Tríú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 14 Iúil 2021 (Cás R 1072/2020-3) ar neamhní.

2) Ordaítear do EUIPO na costais arna dtabhú sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO agus os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc.

---

([1]) IO C 502, 13.12.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – Puma v EUIPO – Vaillant (Puma)**

**(Cás T-623/21)** ([1])

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Puma – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe PUMA – Forais choibhneasta le diúltú – Dochar do chlú – Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 35/63)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Puma SE (Herzogenaurach, an Ghearmáin) (ionadaithe: M. Schunke agus P. Trieb, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: J. Schäfer, D. Stoyanova-Valchanova agus E. Markakis, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idirghabháil os comhair na Cúirte Ginearálta:* Vaillant GmbH (Remscheid, an Ghearmáin) (ionadaí: S. Abrar, Dlíodóir)

## Ábhar

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 8 Iúil 2021 (Cás R 1875/2019-1) a neamhniú.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do Puma SE na costais a íoc.

(1) IO C 471, 22.11.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022 – Mendes v EUIPO – Actial Farmaceutica (VSL3TOTAL)**

**(Cás T-678/21)** [1]

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le cúlghairm – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh VSL3TOTAL – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe VSL#3 – Forais choibhneasta le diúltú – Baol mearbhaill – Cosúlacht idir na gcomharthaí – Cosúlacht idir na n-earraí – Airteagal 8(1)(b) agus Airteagal 53(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (anois Airteagal 8(1)(b) agus Airteagal 60(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001))***

(2023/C 35/64)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Mendes SA (Lugano, an Eilvéis) (ionadaí: M. Cavattoni, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: T. Frydendahl, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idirghabháil os comhair na Cúirte Ginearálta:* Actial Farmaceutica Srl (an Róimh, an Iodáil) (ionadaithe: M. Mostardini, F. Mellucci agus F. Rombolà, Dlíodóirí)

## Ábhar

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 17 Lúnasa 2021 (Cás R 1568/2020-2) a neamhniú.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do Mendes SA na costais a íoc.

(1) IO C 502, 13.12.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Samhain 2022 – Allessa v EUIPO – Dumerth (CASSELLAPARK)**

**(Cás T-701/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh CASSELLAPARK – Dearbhfhorais le diúltú – Sainiúlacht – Easpa éagsúlachta – Easpa mhairc de siocair aige leis an bpobal a chur ar strae – Airteagal 7(1)(b), (c) agus (g) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 7(1)(b), (c) agus (g) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois) – Oibleagáid cúiseanna a lua – Airteagal 94 de Rialachán 2017/1001)***

(2023/C 35/65)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Allessa GmbH (Frankfurt am Main, an Ghearmáin) (ionadaithe: S. Fröhlich, M. Hartmann agus H. Lerchl, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: E. Nicolás Gómez agus D. Hanf, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idirghabháil os comhair na Cúirte Ginearálta:* Carim Dumerth (Frankfurt am Main, an Ghearmáin) (ionadaithe: T. Wieland agus C. Corbet, Dlíodóirí)

**Ábhar:**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 11 Lúnasa 2021 (Cás R 1043/2020-5) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Allessa GmbH na costais a íoc.

([1]) IO C 2, 3.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – Bora Creations v EUIPO (essence)**

**(Cás T-738/21)** ([1])

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh essence – Dearbhfhorais le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Easpa sainiúlachta – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 35/66)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Bora Creations, SL (Andratx, an Spáinn) (iondaithe: R. Lange agus M. Ebner, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (iondadaithe: M. Eberl agus E. Markakis, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 21 Meán Fómhair 2021 (Cás R 693/2021-4) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Bora Creations, SL na costais a íoc.

([1]) IO C 37, 24.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – Borussia VfL 1900 Mönchengladbach v EUIPO – Neng (Fohlenelf)**

**(Cás T-747/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "Fohlenelf" – Fíorúsáid an mhairc – Airteagal 58(1)(a), Airteagal 94(1) agus Airteagal 97(1)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1)***

(2023/C 35/67)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Borussia VfL 1900 Mönchengladbach GmbH (Mönchengladbach, an Ghearmáin) (ionadaí: R. Kitzberger, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (iondadaithe: A. Söder agus E. Nicolás Gómez, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idirghabháil os comhair na Cúirte Ginearálta:* David Neng (Brüggen, an Ghearmáin) (ionadaí: D. Breuer, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 28 Meán Fómhair 2021 (Cás R 2126/2020-4) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 28 Meán Fómhair 2021 (Cás R 2126/2020-4) a neamhniú a mhéid is gur diúltaíodh d'fhianaise ar fhíorúsáid an fhocail "Fohlenelf" maidir le "gallúnach", a thagann faoi réim Aicme 3, "sceo fhéinghreamaitheacha de pháipéar nó de phlaisteach, lipéid fhéinghreamaitheacha" in Aicme 16, "poircealláin agus earraí cré" in Aicme 21, chomh maith le "guird", a mhéid is fochatagóir earraí é laistigh de "coimeádáin tí agus cistine", a thagann freisin faoi réim Aicme 21, "tuáillí folctha teicstíle", a thagann faoi réim Aicme 24, agus "bréagáin, cluichí", a thagann faoi réim Aicme 28.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do gach páirtí a chostais féin a íoc.

([1]) IO C 37, 24.1.2022.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022 – Lila Rossa Engros v EUIPO (LiLAC)**

**(Cás T-780/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh LiLAC – Dearbhfhoras le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 35/68)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Lila Rossa Engros SRL (Voluntari, an Rómáin) (ionadaí: O. Anghel, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: V. Ruzek, i gcáil Gníomhaire)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 10 Meán Fómhair 2021 (Cás R 441/2021-5) ar neamhní go páirteach.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Lila Rossa Engros SRL a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a íoc.

([1]) IO C 95, 28.2.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022 – Hasco TM v EUIPO – Esi (NATURCAPS)**

**(Cás T-12/22)** ([1])

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh NATURCAPS – Focalmharc náisiúnta níos luaithe NATURCAPS – Easpa fíorúsáid an trádmhairc níos luaithe – Airteagal 64(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Cáilíocht táirgí cógaisíochta agus forbhianna)***

(2023/C 35/69)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Hasco TM sp. z o.o. sp.k. (Wrocław, an Pholainn) (ionadaí: M. Krekora, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Ivanauskas, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Esi Srl (Albisola Superiore, an Iodáil)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 9 Samhain 2021 (Cás R 617/2021-4) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do Hasco TM sp. z o.o. sp.k. na costais a íoc.

(1) IO C 109, 7.3.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022 – Korporaciya “Masternet” v EUIPO – Stayer Ibérica (STAYER)**

**(Cás T-85/22)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh STAYER – Fíorúsáid an trádmhairc – Airteagal 15 agus Airteagal 51(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (anois Airteagal 18 agus Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001) – Cáilíocht táirgí a bhfuil fíorúsáid léirithe ina leith)***

(2023/C 35/70)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* ZAO Korporaciya “Masternet” (Moscó, an Rúis) (ionadaí: N. Bürglen, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Ivanauskas, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idirghabháil os comhair na Cúirte Ginearálta:* Stayer Ibérica, SA (Pinto, an Spáinn) (iondaithe: P. Creta, A. Lanzarini, B. Costa agus M. Lazzarotto, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc d’Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 16 Nollaig 2021 (Cás R 932/2021-1) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do ZAO Korporaciya “Masternet” na costais a íoc.

(1) IO C 158, 11.4.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Samhain 2022 – General Wire Spring v EUIPO (GENERAL PIPE CLEANERS)**

**(Cás T-151/22)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpach – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach – Focalmharc GENERAL PIPE CLEANERS – Dearbhfhoras le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 35/71)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* General Wire Spring Co. (McKees Rocks, Pennsylvania, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaí: E. Carrillo, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: R. Raponi, i gcáil Gníomhaire)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 TFEU, iarann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 11 Eanáir 2022 (Cás R 1452/2021-5) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do General Wire Spring Co. na costais a íoc.

---

([1]) IO C 198, 16.5.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022 – Korporaciya "Masternet" v EUIPO – Stayer Ibérica (STAYER)**

**(Cás T-155/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh STAYER – Fíorúsáid an trádmhairc – Airteagal 15 agus Airteagal 51(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (anois Airteagal 18 agus Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001) – Cáilíocht táirgí a bhfuil fíorúsáid léirithe ina leith)***

(2023/C 35/72)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* ZAO Korporaciya "Masternet" (Moscó, an Rúis) (ionadaí: N. Bürglen, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Ivanauskas, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idirghabháil os comhair na Cúirte Ginearálta:* Stayer Ibérica, SA (Pinto, an Spáinn) (iondaithe: P. Creta, A. Lanzarini, A. Sponzilli, B. Costa agus M. Lazzarotto, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 21 Nollaig 2021 (Cás R 931/2021-1) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do ZAO Korporaciya "Masternet" na costais a íoc.

---

([1]) IO C 198, 16.5.2022.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – Sanetview v EUIPO – 2boca2catering (Las Cebras)**

**(Cás T-159/22)** ([1])

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh Las Cebras – Marc fíortha náisiúnta níos luaithe LEZEBRA – Forais coibhneasta leis an diúltú – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/ 1001)***

(2023/C 35/73)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Sanetview, SLU (Andorre-la-Vieille, Andóra) (ionadaithe: J. Gallego Jiménez, E. Sanz Valls, P. Bauzá Martínez, Y. Hernández Viñes agus C. Marí Aguilar, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. Crawcour Hage agus J. Ivanauskas, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna hmeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* 2boca2catering, SL (Seville, an Spáinn)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 4 Eanáir 2022 (Cás R 1070/2021-5) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do Sanetview, SLU na costais a íoc.

([1]) IO C 198, 16.5.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022 – Basicmed Enterprises agus páirtithe eile v an Chomhairle agus páirtithe eile**

**(Cás T-379/16)** ([1])

***(Dliteanas neamhchonarthach – Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Clár Tacaíochta Cobhsaíochta na Cipire – Cinneadh ó Chomhairle Rialaithe an BCE maidir le cúnaimh leachtachta éigeandála tar éis iarraidh a fháil ó Bhanc Ceannais na Cipire – Ráitis ón nGrúpa Euro an 25 Márta, an 12 Aibreán, an 13 Bealtaine agus an 13 Meán Fómhair 2013 maidir leis an gCipir – Cinneadh 2013/236/AE – Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/463/AE – Meabhrán Tuisceana an 26 Aibreán 2013 maidir le coinníollacha sonracha beartais eacnamaíoch a tugadh i gcrích idir an Chipir agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach – Dlínse na Cúirte Ginearálta – Inghlacthacht – Ceanglais fhoirmiúla – Leigheasanna intíre a ídiú – Sárú atá tromchúiseach go leor ar riail dlí lena dtugtar cearta do dhaoine aonair – Ceart chun maoine – Ionchais dhlisteanacha – Cóir chomhionann – Caingean arna tabhairt os comhair cúirte go páirteach agus is léir nach bhfuil aon dlínse aici chun an cás a éisteacht, ar follas go bhfuil sí neamh-inghlactha go páirteach agus gan bhunús go follasach i bpáirt)***

(2023/C 35/74)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Basicmed Enterprises Ltd (Limassol, an Chipir), agus na 19 n-iarratasóir eile a bhfuil a n-ainmneacha liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an ordú (ionadaithe: P. Tridimas, K. Kakoulli agus P. Panayides, Dlíodóirí)

*Cosantóirí:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. Westerhof Löfflerová agus I. Gurov, i gcáil Gníomhairí), an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Flynn, J.-P. Keppenne agus S. Delaude, i gcáil Gníomhairí), an Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: K. Laurinavičius, G. Várhelyi agus K. Drēviņa, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó H.-G. Kamann, Dlíodóir), an Grúpa Euro, a ndéanann Comhairle an Aontais Eorpaigh ionadaíocht air, (ionadaithe: A. Westerhof Löfflerová agus I. Gurov, i gcáil Gníomhairí), an tAontas Eorpach, a ndéanann an Coimisiún Eorpach ionadaíocht air, (ionadaithe: L. Flynn, J.-P. Keppenne agus S. Delaude, i gcáil Gníomhairí)

### Ábhar

Trína gcaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí cúiteamh as an damáiste a líomhnaítear a bhain dóibh mar thoradh ar chinneadh ó Chomhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) an 21 Márta 2013 maidir le cúnaimh leachtachta éigeandála tar éis iarraidh a fháil ó Bhanc Ceannais na Cipire, ráitis ón nGrúpa Euro an 25 Márta, an 12 Aibreán, an 13 Bealtaine agus an 13 Meán Fómhair 2013 maidir leis an gCipir, Cinneadh 2013/236/AE ón gComhairle an 25 Aibreán 2013 a díríodh ar an gCipir maidir le bearta sonracha chun cobhsaíocht airgeadais agus fás inbhuanaithe a athbhunú (IO 2013 L 141, lch. 32), Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/463/AE ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2013 maidir leis an gclár coigeartaithe maicreacnamaíoch don Chipir agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/236 (IO 2013 L 250, lch. 40), Meabhrán Tuisceana an 26 Aibreán 2013 maidir le coinníollacha sonracha beartais eacnamaíoch a tugadh i gcrích idir an Chipir agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE) agus gníomhartha agus iompar eile ón gCoimisiún Eorpach, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ón BCE agus ón nGrúpa Euro maidir le saoráid cúnaimh airgeadais a sholáthar do Phoblacht na Cipire.

### An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean

2) Ordaítear do Basicmed Enterprises Ltd agus na hiarratasóirí eile a bhfuil a n-ainmneacha liostaithe san Iarscríbhinn, a gcostas féin a íoc agus na costais arna dtabhú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach agus an Banc Ceannais Eorpach (BCE) a íoc.

---

([1]) IO C 383, 17.10.2016.

---

## Ordú na Cúirte Ginearálta an 22 Samhain 2022 – Validity v an Coimisiún

**(Cás T-640/20)** ([1])

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Doiciméid a bhaineann le dréacht-ghlao ar thograí arna gcómhaoiniú ag CFRE – Doiciméid de thionscnamh Ballstáit – Diúltú páirteach rochtain a thabhairt – Nochtadh tar éis thaisceadh na caingne – An leas i dtionscnamh imeachtaí a chur ar iarraidh – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais – Iarraidh chun an t-iarratas a mhodhnú – Do-ghlacthacht i bpáirt)***

(2023/C 35/75)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir*: Validity Foundation – Mental Disability Advocacy Centre (Búdaipeist, an Ungáir) (ionadaithe: B. Van Vooren agus R. Oyarzabal Arigita, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: K. Herrmann agus A. Spina, i gcáil Gníomhairí)

### Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go ndéanfar Cinneadh C(2020) 5540 final ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2020, lenar dhiúltaigh an Coimisiún rochtain a thabhairt dó ar dhoiciméid a bhaineann le dréacht-ghlao ar thograí ó údaráis na hUngáire, agus ar an dara dul síos, Cinneadh C(2021) 2834 final ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2021, lenar thug an Coimisiún rochtain dó ar na doiciméid sin, a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní gá a thuilleadh rialú a dhéanamh ar an iarratas go ndéanfar Cinneadh C(2020) 5540 final ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2020, lenar dhiúltaigh an Coimisiún do Validity Foundation – Mental Disability Advocacy Centre rochtain a fháil ar dhoiciméid a bhaineann le dréacht-ghlao ar thograí ó údaráis na hUngáire, a neamhniú.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean toisc é a bheith do-ghlactha.

3) Ordaítear do gach páirtí a chostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 9, 11.1.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 22 Samhain 2022 – Fieldpoint (an Chipir) v EUIPO (HYPERLIGHTOPTICS)**

**(Cás T-800/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh HYPERLIGHTOPTICS – Dearbhfhoras le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Cóir chomhionann – Caingean nach bhfuil aon bhunús dlí ann go follasach)***

(2023/C 35/76)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Fieldpoint (an Chipir) LTD (an Niocóis, an Chipir) (ionadaithe: P. Rath agus S. Gebele, Dlíodóirí)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: L. Lapinskaite agus T. Klee, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 6 Deireadh Fómhair 2021 a neamhniú (Cás R 1166/2021-2).

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Fieldpoint (an Chipir) LTD na costais a íoc.

---

([1]) IO C 73, 14.2.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 22 Samhain 2022 – Fieldpoint (an Chipir) v EUIPO (HYPERLIGHTEYEWEAR)**

**(Cás T-801/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh HYPERLIGHTEYEWEAR – Dearbhfhoras le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Cóir chomhionann – Caingean nach bhfuil aon bhunús dlí ann go follasach)***

(2023/C 35/77)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Fieldpoint (an Chipir) LTD (an Niocóis, an Chipir) (ionadaithe: P. Rath agus S. Gebele, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: L. Lapinskaite agus T. Klee, i gcáil Gníomhairí)

## Ábhar

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 6 Deireadh Fómhair 2021 a neamhniú (Cás R 1165/2021-2).

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Fieldpoint (an Chipir) LTD na costais a íoc.

(1) IO C 73, 14.2.2022.

---

**Caingean arna tabhairt an 21 Meán Fómhair 2022 – Ferreira de Macedo Silva v Frontex**

**(Cás T-595/22)**

(2023/C 35/78)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Carlos Miguel Ferreira de Macedo Silva (Cercal do Alentejo, an Phortaingéil) (ionadaí: L. Cosme Nunes Rolo, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh an 29 Lúnasa 2022 ón Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin um Bainistíocht Faisnéise agus Próisis na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), ag gníomhú dó mar Údarás Ceapacháin, é a chur as oifig roimh dheireadh na tréimhse promhaidh mar fhoireann shealadach den Bhuanchór, Cat. 1, a chur ar neamhní;

— a ordú do Frontex, i gcás ina mbeidh athligean isteach dodhéanta in am i mBaisc 8, na costais uile a bhaineann le comhlíonadh an chonartha cúig bliana a íoc, mar aon leis na costais dlí.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur sáraíodh prionsabal an ionchais dhlisteanaigh agus gur sáraíodh prionsabal na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta (tagairt: Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000) (1).

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar cheanglais riachtanacha nós imeachta agus ar an gceart chun dea-riaracháin agus ar an gceart chun éisteacht a fháil.

(1) Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO 2000 L 303, lch. 16).

**Caingean arna tabhairt an 7 Nollaig 2022 – Athlet v EUIPO – Heuver Bandengroothandel (ATHLET)**

**(Cás T-650/22)**

(2023/C 35/79)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Athlet Ltd (Londain, an Ríocht Aontaithe) (ionadaí: S. Reinhard, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Heuver Bandengroothandel BV (Hardenberg, an Ísiltír)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "ATHLET" – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 9 224 692

*Imeachtaí os comhair EUIPO*: Imeachtaí cealúcháin

*An cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 8 Lúnasa 2022 i gCás R 2214/2019-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

— Sárú ar Airteagal 59(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Saobhadh ar na fíorais agus ar an bhfianaise;

— Sárú ar Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 11 Samhain 2022 – FOF v an Coimisiún**

**(Cás T-688/22)**

(2023/C 35/80)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* FOF – Fox Oil Fund, Lda (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: S. Gemas Donário agus S. Soares, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh C(2020) 8550 final ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir le scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil do shaorlimistéar Mhaidéara (Zona Franca da Madeira – ZFM) – Scéim III, a chur ar neamhní;

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí, atá, go bunúsach, comhionann nó comhchosúil leis na saincheisteanna arna maíomh i gCás T-553/22, *Thorn Investments* v *an Coimisiún*.

---

**Caingean arna tabhairt an 12 Samhain 2022 – Fontwell v an Coimisiún**

**(Cás T-691/22)**

(2023/C 35/81)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Fontwell – Import, Export, Unipessoal, Lda (Zona Franca da Madeira) (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: S. Gemas Donário agus S. Soares, Dlíodóirí)

*Cosantóir*: An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh C(2020) 8550 final ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir le scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil do shaorlimistéar Mhaidéara (Zona Franca da Madeira – ZFM) – Scéim III, a chur ar neamhní;

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí, atá, go bunúsach, comhionann nó comhchosúil leis na saincheisteanna arna maíomh i gCás T-553/22, *Thorn Investments* v *an Coimisiún*.

---

**Caingean arna tabhairt an 12 Samhain 2022 – Mission v an Coimisiún**

**(Cás T-700/22)**

(2023/C 35/82)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Mission – Trading, Gestão e Serviços, Unipessoal, Lda (Zona Franca da Madeira) (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: S. Gemas Donário agus S. Soares, Dlíodóirí)

*Cosantóir*: an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh C(2020) 8550 final ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir le scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil do shaorlimistéar Mhaidéara (Zona Franca da Madeira – ZFM) – Scéim III, a chur ar neamhní;

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí, atá, go bunúsach, comhionann nó comhchosúil leis na saincheisteanna arna maíomh i gCás T-553/22, *Thorn Investments* v *an Coimisiún*.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Samhain 2022 — Durie v an Coimisiún**

**(Cás T-705/22)**

(2023/C 35/83)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Durie — Trading e Serviços Internacionais, Sociedade Unipessoal, Lda (Zona Franca da Madeira) (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: A. Ferreira Correia agus R. da Palma Borges, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Airteagail 1 agus 4 den Chinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú don Institiúid is cosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean i gcoinne Chinneadh (AE) 2022/1414 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) — Scéim III., (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2020) 8550) (IO 2022 L 217, lch. 49), maíonn an t-iarratasóir sé shaincheist dlí atá, go bunúsach, comhionann nó comhchosúil leis na saincheisteanna arna maíomh i gCás T-702/22, *TA* v *an Coimisiún*.

---

**Caingean arna tabhairt an 14 Samhain 2022 — Ostrava v an Coimisiún**

**(Cás T-707/22)**

(2023/C 35/84)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Ostrava — Trading e Serviços Internacionais, Sociedade Unipessoal, Lda (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: S. Gemas Donário agus S. Soares, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh C(2020) 8550 final ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) — Scéim III a chur ar neamhní;

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí atá, go bunúsach, comhionann nó comhchosúil leis na saincheisteanna arna maíomh i gCás T-553/22, *Thorn Investments* v *an Coimisiún*.

---

**Caingean arna tabhairt an 14 Samhain 2022 – White Pearl v an Coimisiún**

**(Cás T-708/22)**

(2023/C 35/85)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* White Pearl, Unipessoal, Lda (Zona Franca da Madeira) (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: S. Gemas Donário agus S. Soares, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh C(2020) 8550 final ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir le scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil do shaorlimistéar Mhaidéara (Zona Franca da Madeira – ZFM) – Scéim III, a chur ar neamhní;

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t iarratasóir cúig shaincheist dlí, atá, go bunúsach, comhionann nó comhchosúil leis na saincheisteanna arna maíomh i gCás T-553/22, *Thorn Investments v an Coimisiún*.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Samhain 2022 — Starboard v an Coimisiún**

**(Cás T-710/22)**

(2023/C 35/86)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Starboard, Unipessoal, Lda (Zona Franca da Madeira) (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: A. Ferreira Correia agus R. da Palma Borges, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Airteagail 1 agus 4 den Chinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú don Institiúid is cosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean i gcoinne Chinneadh (AE) 2022/1414 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) — Scéim III., (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2020) 8550) (IO 2022 L 217, lch. 49), maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí atá, go bunúsach, comhionann nó comhchosúil leis na saincheisteanna arna maíomh i gCás T-702/22, *TA* v *an Coimisiún*.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Samhain 2022 — Caledonian v an Coimisiún**

**(Cás T-711/22)**

(2023/C 35/87)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Caledonian — Serviços Internacionais, Sociedade Unipessoal, Lda (Zona Franca da Madeira) (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: A. Ferreira Correia agus R. da Palma Borges, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Airteagail 1 agus 4 den Chinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú don Institiúid is cosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean i gcoinne Chinneadh (AE) 2022/1414 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) — Scéim III., (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2020) 8550) (IO 2022 L 217, lch. 49), maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí atá, go bunúsach, comhionann nó comhchosúil leis na saincheisteanna arna maíomh i gCás T-702/22, *TA* v *an Coimisiún*.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Samhain 2022 – Fuchinvest v an Coimisiún**

**(Cás T-712/22)**

(2023/C 35/88)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Fuchinvest Real Estate Participações, Unipessoal, Lda (Zona Franca da Madeira) (Funchal, na Phortaingéil) (ionadaithe: A. Ferreira Correia agus R. da Palma Borges, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Airteagail 1 agus 4 den Chinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú don institiúid is cosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena achomharc i gcoinne Chinneadh (AE) Uimh. 2022/1414 ón gCoimisiúin an 4 Nollaig 2020, maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex-2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) – Scéim III [a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2020) 8550] (IO 2022 L 217, lch. 49), maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí, atá comhionann nó comhchosúil, go bunúsach, leis na saincheisteanna dlí arna maíomh mar chuid de Chás T-702/22, *TA* v *an Coimisiún*.

---

**Caingean arna tabhairt an 14 Samhain 2022 — Administradora Fortaleza agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-716/22)**

(2023/C 35/89)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Administradora Fortaleza, Ltda (São Paulo, an Bhrasaíl), agus naonúr iarratasóirí eile (ionadaithe: A. Ferreira Correia agus R. da Palma Borges, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Airteagail 1 agus 4 den Chinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní mar gheall ar mhainneachtain cúiseanna a lua nó a mhéad a bhfuil feidhm acu maidir le “sociedades gestoras de participações sociais” (cuideachtaí sealbhaíochta) nó mar thoradh ar ioncaim a fháil ó fhoinse lasmuigh den réigiún is forimeallaí.

— a ordú don Institiúid is cosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena gcaingean i gcoinne Chinneadh (AE) 2022/1414 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) — Scéim III., (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2020) 8550) (IO 2022 L 217, lch. 49), maíonn na hiarratasóirí sé shaincheist dlí atá, go bunúsach, comhionann nó comhchosúil leis na saincheisteanna arna maíomh i gCás T-702/22, *TA* v *an Coimisiún*.

---

**Caingean arna tabhairt an 14 Samhain 2022 – Newco v an Coimisiún**

**(Cás T-717/22)**

(2023/C 35/90)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Newco Corporate Services, SA (Zona Franca da Madeira) (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: A. Ferreira Correia agus R. da Palma Borges, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní i ndáil le hAirteagail 1 agus 4;

— a ordú don institiúid is cosantóir na costais a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca lena achomharc i gcoinne Chinneadh (AE) Uimh. 2022/1414 an Choimisiúin an 4 Nollaig 2020, maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex-2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) – Scéim III [a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2020) 8550] (IO 2022 L 217, lch. 49), maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí, atá, go bunúsach, comhionann nó comhchosúil leis na saincheisteanna arna maíomh i gCás T-702/22, *TA* v *an Coimisiún*.

---

## Caingean arna tabhairt an 15 Samhain 2022 — Bourbon Offshore Interoil Shipping v an Coimisiún

## (Cás T-721/22)

(2023/C 35/91)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Bourbon Offshore Interoil Shipping — Navegação, Lda (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: S. Fernandes Martins agus M. Mendonça Saraiva, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

### An t-ordú atá á lorg

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (AE) 2022/1414 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) — Scéim III, a chur ar neamhní;

— ar chaoi ar bith, gan dochar don éileamh thuas, Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2022/1414 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) a chur ar neamhní, agus, mar thoradh air sin, go gcuirfear an t-ordú go n-aisíocfaidh na tairbhithe an chabhair, móide ús, ar neamhní;

— an Cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, i gcomhréir le hAirteagal 264 CFAE;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear neamhinfheidhmeacht na modheolaíochta arna moladh ag an gCoimisiún Eorpach lena sainmhínítear an coincheap “cruthú post” in FTEnna (coibhéisí lánaimseartha) agus AWUnna (aonaid oibrithe bhliantúla), mar a úsáidtear sna Treoirlínte é maidir le cabhair réigiúnach náisiúnta i gcomhair na tréimhse 2007-2013 (IO 2006 C 54, lch. 13).

An dara saincheist dlí, lena n-éilítear do-ghlacthacht an ordaithe go n-aisíocfaidh na tairbhithe an chabhair agus go n-íocfaidh siad ús.

---

**Caingean arna tabhairt an 18 Samhain 2022 – LG agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-730/22)**

(2023/C 35/92)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóirí:* LG agus seachtar iarratasóir eile (ionadaithe: A. Sigal agus M. Teder, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú gur ghníomhaigh an cosantóir go neamhdhleathach faoi Airteagal 9(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, [1] arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2023, [2] trí gan ráitis fhíoras atá mionsonraithe agus réasúnta soiléir a sheoladh chuig na hiarratasóirí lena soiléireofaí an bhfuil dochar á dhéanamh, agus ar cén chaoi, ag gníomhaíochtaí na n-iarratasóirí, i dtuairimí OLAF, do leasanna an Aontais Eorpaigh, agus trí gan deis bhreise a thabhairt do na hiarratasóirí barúil a thabhairt ar na ráitis fhíoras sin; agus

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn na hiarratasóirí dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur mhainnigh OLAF gníomhú trí gan deis fhóinteach a chur ar fáil do na hiarratasóirí, a ainmníodh mar dhaoine a mbaineann imscrúdú OLAF leo, barúil a thabhairt ar na fíorais a bhaineann leo, i gcomhréir le hAirteagal 9(4) agus Airteagal 9(b)(1) agus (2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur mhainnigh OLAF gníomhú i gcomhréir le prionsabal an dea-riaracháin trí gan na réamh-líomhaintí i gcoinne na n-iarratasóirí a nochtadh, leis an ráiteas fíoras a cuireadh ar fáil do na hiarratasóirí, líomhaintí lena gcuirfí ar a gcumas chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na bhfíoras atá sonraithe agus barúil a thabhairt ar na fíorais sin.

(1) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO 2013 L 248, lch. 1).

(2) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith Chalaoise (IO 2020 L 437, lch. 49).

---

**Caingean arna tabhairt an 25 Samhain 2022 – Mazepin v an Chomhairle**

**(Cás T-743/22)**

(2023/C 35/93)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Nikita Dmitrievich Mazepin (Moscó, an Rúis) (ionadaithe: D. Rovetta, M. Campa, M. Moretto, V. Villante, T. Marembert agus A. Bass, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) Uimh. 2022/1530 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]) a chur ar neamhní;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/1529 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([2]) a chur ar neamhní;

— an cinneadh lena gcoinnítear ainm an iarratasóra ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha faoi Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, ([3]) arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1530, agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/1529, a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin a chur ar neamhní;

  dá ngairtear le chéile mar na "Gníomhartha atá faoi Chonspóid", a mhéid a chuirtear an t-iarratasóir san áireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha leis na Gníomhartha atá faoi Chonspóid.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir sé shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a shonrú; ar Airteagal 296 CFAE agus ar Airteagal 41(2)(c) den Chairt um Chearta Bunúsacha; ar an gceart chun cosanta breithiúnaí éifeachtaí agus ar Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear earráid mheasúnaithe.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe; mainneachtain an dualgais chruthúnais a urscaoileadh; sárú ar na critéir liostaithe a leagtar amach in Airteagail 1(1)(e) agus 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 agus in Airteagal 3(1)(g) de Rialachán Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann araon le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta agus ar chearta bunúsacha an iarratasóra; sárú ar chearta bunúsacha an iarratasóra chun maoine agus chun saoirse fiontraíochta agus sárú ar Airteagail 16 agus 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

5. An cúigiú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar bhunphrionsabal an neamh-idirdhealaithe.

6. An séú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar cheanglais fhíor-riachtanacha nós imeachta; sárú ar na cearta atá ag na cosantóirí agus ar an oibleagáid atá ar an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar na smachtbhannaí go tréimhsiúil.

([1]) IO 2022 L 239, lch. 149.
([2]) IO 2022 L 239, lch. 1.
([3]) IO 2014 L 78, lch. 16.

---

**Caingean arna tabhairt an 1 Nollaig 2022 — Mazzone v an Pharlaimint**

**(Cás T-751/22)**

(2023/C 35/94)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Antonio Mazzone (Napoli, an Iodáil) (ionadaí: M. Paniz, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh “Modhnú ar chearta pinsin scoir iar-Fheisire Iodálach de Pharlaimint na hEorpa” a cuireadh in iúl le litir dar dáta an 21 Meán Fómhair 2022, a fuarthas an 5 Deireadh Fómhair 2022, a sheol Ard-Stiúrthóireacht Airgeadais Pharlaimint na hEorpa agus a bhaineann leis an méid seo a leanas, a neamhniú: “Athráiteas ar chearta pinsin chun deireadh a chur le gníomhaíocht tar éis Chinneadh Uimh. 150 an 3 Márta 2022 ó Ufficio di Presidenza della Camera dei deputati” (Biúró Theach Teachtaí na hIodáile), agus aon ghníomh eile roimhe sin agus/nó ina dhiaidh sin;

— a dhearbhú agus a aithint go bhfuil ceart ag an iarratasóir an pinsean a d’íoc Parlaimint na hEorpa a chothabháil, a mhéid a fabhraíodh agus a d’fhabhraigh tráth na chéad íocaíochta,

— a ordú do Pharlaimint na hEorpa féin na suimeanna uile a coinníodh siar go míchuí a íoc leis an iarratasóir trí athluacháil airgeadaíochta agus ús reachtúil ón dáta a coinníodh siar an t-iarmhéid;

— agus a ordú do Pharlaimint na hEorpa an breithiúnas atá le tabhairt a chur chun feidhme agus an liúntas pinsin bunaidh a athshlánú go hiomlán láithreach.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

Chun tacú leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir seacht saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar fhorchoimeád inniúlachta atá ag Biúró Pharlaimint na hEorpa (Airteagal 25 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa).

   — Maíonn an t-iarratasóir go bhfuil an beart a chonspóidtear neamhdhleathach a mhéid a ghlac Ceann Aonaid um Thuarastal agus Theidil Shóisialta na bhFeisirí é in éagmais na rannpháirtíochta is gá ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa, arb é sealbhóir iarbhír na gcinntí airgeadais, eagrúcháin agus riaracháin a bhaineann le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa de réir bhrí Airteagal 25 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagal 296(2) CFAE agus ar Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt); ([1]) nár leor an ráiteas ar chúiseanna na mbeart a chonspóidtear.

   — Maíonn an t-iarratasóir go bhfuil an beart a chonspóidtear neamhdhleathach toisc nach bhfuil sé réasúnaithe go leor, de shárú ar Airteagal 296(2) CFAE agus Airteagal 41 CFAE.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur glacadh an beart a chonspóidtear in éagmais bunús dlí bailí; cur i bhfeidhm mícheart Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialacha PEAM ([2]) (Rialacha ar speansais agus liúntais na bhFeisirí) agus Airteagail 74-75 de MAS ([3]) (Cinneadh maidir le bearta cur chun feidhme do Reacht na bhFeisirí).

   — Maíonn an t-iarratasóir go bhfuil an beart a chonspóidtear neamhdhleathach a mhéid is gur glacadh é in éagmais bunús dlí bailí, ós rud é gur aisghaireadh Airteagal 2(1) d’Iarscríbhinn 3 a ghabhann le PEAM tar éis theacht i bhfeidhm Reacht na bhFeisirí (Airteagail 74-75 de MAS).

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear míthuiscint ar Airteagal 75 de na Bearta Cur Chun Feidhme agus Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialacha PEAM. Sárú ar Airteagal 28 de Reacht na bhFeisirí agus ar cheart an iarratasóra chun pinsin a fháil

   — Maíonn an t-iarratasóir go bhfuil an beart a chonspóidtear neamhdhleathach a mhéid is go ndearna Parlaimint na hEorpa míthuiscint agus gur chuir sí Airteagal 75 MAS agus Airteagal 2(1) d’Iarscríbhinn 3 a ghabhann le PEAM i bhfeidhm. Measann an t-iarratasóir nach mór na forálacha sin a léiriú sa chiall nach mór an tagairt d’Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán PEAM in Airteagal 75 de MAS, agus go háirithe Airteagal 2(1) d’Iarscríbhinn III, a thuiscint mar thagairt don láimhseáil is infheidhme fad a bhí Iarscríbhinn III i bhfeidhm. Os a choinne sin, ceadaítear le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na rialacha sin ag an bParlaimint pinsean an iarratasóra a athrú i líon na gcásanna, i sárú oscailte ar Airteagal 28 de Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus ar phrionsabail an ionchais dhlisteanaigh agus na deimhneachta dlíthiúla.

— Ar deireadh, fiú más rud é, de bharr léiriú Pharlaimint na hEorpa ar dá réir a cheanglaítear le hAirteagal 2(1) d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann le PEAM ar an institiúid an pinsean Eorpach a choigeartú de réir an mhéid le sin a leagtar síos do na Feisirí de Dhlísheomra Íochtarach na Parlaiminte Náisiúnta, tá an oibríocht coigeartaithe sin faoi réir a teorann féin i ndlí an Aontais agus, in aon chás, ní féidir baint a bheith aici ach le méid agus modh íocaíochta an phinsin, agus mar thoradh air sin nach féidir bearta a thrasuí go huathoibríoch a dhéanann difear don cheart chun pinsin. Sa chás seo, ní hamháin gur athraigh an beart a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an iarratasóir, mar thoradh ar thrasuí uathoibríoch Chinneadh 150/2022 ag Parlaimint na hEorpa, ceart an iarratasóra ar phinsean, a raibh tionchar aige ar a choinníollacha a chomhdhéanann é mar thoradh ar athríomh aisghníomhach lenar athraíodh an pinsean sin, ach a bhfuil forais shoiléire aige freisin le neamh-chomhoiriúnacht le dlí an Aontais.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh prionsabail na n-ionchas dlisteanach, an deimhneacht dhlíthiúil, cosaint na gceart faighte agus prionsabal an chomhionannais.

   — Cuireann an t-iarratasóir in iúl go bhfuil an beart a chonspóidtear neamhdhleathach a mhéid a sháraigh Parlaimint na hEorpa prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, lena gcuirtear cosc ar shárú na gceart faighte, i gcomhréir, ina theannta sin, le meon agus cuspóir Airteagal 28 de na Rialacháin Foirne agus Airteagal 75 de na bearta cur chun feidhme, agus prionsabal na cosanta maidir le hionchais dhlisteanacha, rud a fhágann nach féidir cóir pinsin a chosc agus/nó cóireáil pinsin a athrú. Thairis sin, trí difear a dhéanamh d'iar-Fheisirí de chuid na hIodáile amháin, arb iad na faighteoirí amháin iad de bheart a athríomhann go haisghníomhach é trí bhíthin íocaíochtaí pinsin ranníocacha a fuarthas nuair nach raibh an modh ranníocaíochta tugtha isteach san Iodáil fós, is léir go bhfuil an t-athríomh sin ag teacht salach ar phrionsabal an chomhionannais, rud a chruthaíonn idirdhealú neamhdhleathach i gcomparáid le hiar-FPEanna ó Bhallstáit eile, chomh maith le Feisirí a toghadh tar éis 2009 agus gach saoránach eile i gcoitinne, nach bhfulaingíonn aon chóir shimplíoch den sórt sin.

6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 17 den Chairt. Sárú ar Airteagal 1 de Phrótacal 1 de ECHR. Neamh-chomhréireacht an íobairt a fhorchuirtear.

   — Tá an t-iarratasóir den tuairim, trí mhéid an phinsin atá dlite dó mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa mar a íocadh ar dtús é a laghdú, go bhfuil tionchar díreach ag an gcinneadh a chonspóidtear ar a cheart chun maoine. Measann sé freisin gur forchuireadh an cur isteach sin in éagmais ráiteas ar na cúiseanna iarbhír agus go raibh íobairt dhíréireach agus míréasúnta ina dhíobháil mar thoradh air.

7. An seachtú saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagail 21 agus 25 CFAE, Airteagal 10 CFAE agus Airteagal 15 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

   — Tá an t-iarratasóir den tuairim, trí bhíthin an bhirt a chonspóidtear, gur sáraigh Parlaimint na hEorpa Airteagail 21 agus 25 den Chairt, Airteagal 10 CFAE agus Airteagal 15 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta trí bheart atháirimh pinsin a thrasuí, ar bheart é a bhfuil tionchar níos mó aige ar dhaoine scothaosta mar gheall ar na modhanna lenar cruthaíodh é.

(1) IO 2016 C 202, lch. 389.
(2) Cinneadh arna leathnú ón mBiúró an 4 Samhain 1981; Cinneadh ón mBiúró an 24 agus an 25 Bealtaine 1982, arna leasú an 13 Meán Fómhair 1995 agus an 6 Meitheamh 2005.
(3) Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine agus an 9 Iúil 2008 maidir le bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO 2009 C 159, lch. 1).

## Caingean arna tabhairt an 1 Nollaig 2022 — Ceravolo v an Pharlaimint

**(Cás T-752/22)**

(2023/C 35/95)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Domenico Ceravolo (Noventa Padovana, an Iodáil) (ionadaí: M. Paniz, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh “Modhnú ar chearta pinsin scoir iar-Fheisire Iodálach de Pharlaimint na hEorpa” a cuireadh in iúl le litir dar dáta an 21 Meán Fómhair 2022, a fuarthas an 5 Deireadh Fómhair 2022, a sheol Ard-Stiúrthóireacht Airgeadais Pharlaimint na hEorpa agus a bhaineann leis an méid seo a leanas, a neamhniú: “*Athráiteas ar chearta pinsin chun deireadh a chur le gníomhaíocht tar éis Chinneadh Uimh. 150 an 3 Márta 2022 ó Ufficio di Presidenza della Camera dei deputati*” (Biúró Theach Teachtaí na hIodáile), ar tugadh fógra don iarratasóir ina leith agus, in aon chás, an t-athshainiú agus an t-athríomh ar an liúntas pinsin a d’íoc Parlaimint na hEorpa leis an iarratasóir a neamhniú, chomh maith le haon ghníomh eile roimhe sin, a thagann as sin, agus/nó ina dhiaidh sin;

— a dhearbhú agus a aithint go bhfuil ceart ag an iarratasóir an pinsean a d’íoc Parlaimint na hEorpa a chothabháil, a mhéid a fabhraíodh agus a d’fhabhraigh tráth na chéad íocaíochta,

— a ordú do Pharlaimint na hEorpa féin na suimeanna uile a coinníodh siar go míchuí a íoc leis trí athluacháil airgeadaíochta agus ús reachtúil ón dáta a coinníodh siar an t-iarmhéid;

— agus a ordú do Pharlaimint na hEorpa an breithiúnas atá le tabhairt a chur chun feidhme agus an liúntas pinsin bunaidh a athshlánú go hiomlán láithreach.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

Chun tacú leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir seacht saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar fhorchoimeád inniúlachta atá ag Biúró Pharlaimint na hEorpa (Airteagal 25 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa).

   — Maíonn an t-iarratasóir go bhfuil an beart a chonspóidtear neamhdhleathach a mhéid a ghlac Ceann Aonaid um Thuarastal agus Theidil Shóisialta na bhFeisirí é in éagmais na rannpháirtíochta is gá ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa, arb é sealbhóir iarbhír na gcinntí airgeadais, eagrúcháin agus riaracháin a bhaineann le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa de réir bhrí Airteagal 25 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagal 296(2) CFAE agus ar Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt); ([1]) nár leor an ráiteas ar chúiseanna na mbeart a chonspóidtear.

   — Maíonn an t-iarratasóir go bhfuil an beart a chonspóidtear neamhdhleathach toisc nach bhfuil sé réasúnaithe go leor, de shárú ar Airteagal 296(2) CFAE agus Airteagal 41 CFAE.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur glacadh an beart a chonspóidtear in éagmais bunús dlí bailí; cur i bhfeidhm mícheart Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialacha PEAM (Rialacha ar speansais agus liúntais na bhFeisirí) ([2]) agus Airteagail 74-75 de MAS (Cinneadh maidir le bearta cur chun feidhme do Reacht na bhFeisirí). ([3])

   — Maíonn an t-iarratasóir go bhfuil an beart a chonspóidtear neamhdhleathach a mhéid is gur glacadh é in éagmais bunús dlí bailí, ós rud é gur aisghaireadh Airteagal 2(1) d’Iarscríbhinn 3 a ghabhann le PEAM tar éis theacht i bhfeidhm Reacht na bhFeisirí (Airteagail 74-75 de MAS).

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear míthuiscint ar Airteagal 75 de na Bearta Cur Chun Feidhme agus Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialacha PEAM. Sárú ar Airteagal 28 de Reacht na bhFeisirí agus ar cheart an iarratasóra chun pinsin a fháil.

   — Maíonn an t-iarratasóir go bhfuil an beart a chonspóidtear neamhdhleathach a mhéid is go ndearna Parlaimint na hEorpa míthuiscint agus gur chuir sí Airteagal 75 MAS agus Airteagal 2(1) d’Iarscríbhinn 3 a ghabhann le PEAM i bhfeidhm. Measann an t-iarratasóir nach mór na forálacha sin a léiriú sa chiall nach mór an tagairt d’Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán PEAM in Airteagal 75 de MAS, agus go háirithe Airteagal 2(1) d’Iarscríbhinn III, a thuiscint mar thagairt don láimhseáil is infheidhme fad a bhí Iarscríbhinn III i bhfeidhm. Os a choinne sin, ceadaítear le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na rialacha sin ag an bParlaimint pinsean an iarratasóra a athrú i líon na gcásanna, i sárú oscailte ar Airteagal 28 de Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus ar phrionsabail an ionchais dhlisteanaigh agus na deimhneachta dlíthiúla.

— Ar deireadh, fiú más rud é, de bharr léiriú Pharlaimint na hEorpa ar dá réir a cheanglaítear le hAirteagal 2(1) d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann le PEAM ar an institiúid an pinsean Eorpach a choigeartú de réir an mhéid le sin a leagtar síos do na Feisirí de Dhlísheomra Íochtarach na Parlaiminte Náisiúnta, tá an oibríocht coigeartaithe sin faoi réir a teorann féin i ndlí an Aontais agus, in aon chás, ní féidir baint a bheith aici ach le méid agus modh íocaíochta an phinsin, agus mar thoradh air sin nach féidir bearta a thrasuí go huathoibríoch a dhéanann difear don cheart chun pinsin. Sa chás seo, ní hamháin gur athraigh an beart a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an iarratasóir, mar thoradh ar thrasuí uathoibríoch Chinneadh 150/2022 ag Parlaimint na hEorpa, ceart an iarratasóra ar phinsean, a raibh tionchar aige ar a choinníollacha a chomhdhéanann é mar thoradh ar athríomh aisghníomhach lenar athraíodh an pinsean sin, ach a bhfuil forais shoiléire aige freisin le neamh-chomhoiriúnacht le dlí an Aontais.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh prionsabail na n-ionchas dlisteanach, an deimhneacht dhlíthiúil, cosaint na gceart faighte agus prionsabal an chomhionannais.

— Cuireann an t-iarratasóir in iúl go bhfuil an beart a chonspóidtear neamhdhleathach a mhéid a sháraigh Parlaimint na hEorpa prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, lena gcuirtear cosc ar shárú na gceart faighte, i gcomhréir, ina theannta sin, le meon agus cuspóir Airteagal 28 de na Rialacháin Foirne agus Airteagal 75 de na bearta cur chun feidhme, agus prionsabal na cosanta maidir le hionchais dhlisteanacha, rud a fhágann nach féidir cóir pinsin a chosc agus/nó cóireáil pinsin a athrú. Thairis sin, trí difear a dhéanamh d'iar-Fheisirí de chuid na hIodáile amháin, arb iad na faighteoirí amháin iad de bheart a athríomhann go haisghníomhach é trí bhíthin íocaíochtaí pinsin ranníocacha a fuarthas nuair nach raibh an modh ranníocaíochta tugtha isteach san Iodáil fós, is léir go bhfuil an t-athríomh sin ag teacht salach ar phrionsabal an chomhionannais, rud a chruthaíonn idirdhealú neamhdhleathach i gcomparáid le hiar-FPEanna ó Bhallstáit eile, chomh maith le Feisirí a toghadh tar éis 2009 agus gach saoránach eile i gcoitinne, nach bhfulaingíonn aon chóir shimplíoch den sórt sin.

6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 17 den Chairt. Sárú ar Airteagal 1 de Phrótacal 1 de ECHR. Neamh-chomhréireacht an íobairt a fhorchuirtear.

— Tá an t-iarratasóir den tuairim, trí mhéid an phinsin atá dlite dó mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa mar a íocadh ar dtús é a laghdú, go bhfuil tionchar díreach ag an gcinneadh a chonspóidtear ar a cheart chun maoine. Measann sé freisin gur forchuireadh an cur isteach sin in éagmais ráiteas ar na cúiseanna iarbhír agus go raibh íobairt dhíréireach agus míréasúnta ina dhíobháil mar thoradh air.

7. An seachtú saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagail 21 agus 25 CFAE, Airteagal 10 CFAE agus Airteagal 15 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

— Tá an t-iarratasóir den tuairim, trí bhíthin an bhirt a chonspóidtear, gur sáraigh Parlaimint na hEorpa Airteagail 21 agus 25 den Chairt, Airteagal 10 CFAE agus Airteagal 15 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta trí bheart atháirimh pinsin a thrasuí, ar bheart é a bhfuil tionchar níos mó aige ar dhaoine scothaosta mar gheall ar na modhanna lenar cruthaíodh é.

(1) IO 2016 C 202, lch. 389.
(2) Cinneadh arna leathnú ón mBiúró an 4 Samhain 1981; Cinneadh ón mBiúró an 24 agus an 25 Bealtaine 1982, arna leasú an 13 Meán Fómhair 1995 agus an 6 Meitheamh 2005.
(3) Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine agus an 9 Iúil 2008 maidir le bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO 2009 C 159, lch. 1).

---

## Caingean arna tabhairt an 5 Nollaig 2022 – Puma v EUIPO – Road Star Group (Footwear)

## (Cás T-757/22)

(2023/C 35/96)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Puma SE (Herzogenaurach, an Ghearmáin) (ionadaithe: M. Schunke agus P. Trieb, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Road Star Group (Nupaky, Poblacht na Seice)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an dearaidh atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Dearadh atá faoi cheist:* Dearadh Comhphobail Uimh. 4 160 273-0015

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 21 Meán Fómhair 2022 i gCás R 1900/2021–3

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear na costais sin arna dtabhú os comhair an Bhoird Achomhairc.

**Saincheist dlí**

Sárú ar Airteagal 6(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 5 Nollaig 2022 – Puma v EUIPO – Fujian Daocheng Electronic Commerce (Shoes)**

**(Cás T-758/22)**

(2023/C 35/97)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Puma SE (Herzogenaurach, an Ghearmáin) (ionadaithe: M. Schunke agus P. Trieb, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Fujian Daocheng Electronic Commerce Co. Ltd (Quanzhou, an tSín)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an dearaidh atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Dearadh atá faoi cheist:* Dearadh Comhphobail Uimh. 8 367 742-0013

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 21 Meán Fómhair 2022 i gCás R 1876/2021-3

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear na costais sin arna dtabhú os comhair an Bhoird Achomhairc.

**Saincheist dlí**

— Sárú ar Airteagal 6(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 7 Nollaig 2022 – Kesaev v an Chomhairle**

**(Cás T-763/22)**

(2023/C 35/98)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Igor Albertovich Kesaev (Usovo, an Rúis) (ionadaithe: R. Moeyersons agus A. De Jonge, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2022/1530 [1] ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, arna chur chun feidhme ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1529 [2] ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir; síneadh na smachtbhannaí aonair i leith an iarratasóra a chur ar ceal agus an t-iarratasóir a bhaint den liosta in Iarscríbhinn 1 de Rialachán Uimh. 269/2014 [3];

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Tá an chaingean bunaithe ar na forais a leanas:

1. An chéad saincheist dlí: Tá na cúiseanna chun an t-iarratasóir a chur ar an liosta smachtbhannaí mícheart de réir na bhfíoras nó ní bhaineann siad le hábhar.

   — An chéad chuid: Níl an t-iarratasóir gníomhach, go speisialta, sna hearnálacha gnó sin, ar foinse thábhachtach ioncaim do Chónaidhm na Rúise iad.

   — An dara cuid: Ní dhéanann an t-iarratasóir gníomhaíochtaí ná beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht nó de neamhspleáchas na hÚcráine ná den chobhsaíocht ná den tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a thacú ná a chur chun feidhme. Ní scairshealbhóir in JSC Detyarev Plant an t-iarratasóir.

   — An tríú cuid: Ní thugann an t-iarratasóir tacaíocht, go hábhartha ná ó thaobh airgeadais de, do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Is cumann carthanachta atá neodrach ó thaobh na polaitíochta de iad Monolit Fonds agus ní hionann na boinn agus gradaim a bronnadh agus fianaise de thacaíocht ábhartha ná ó thaobh airgeadais de don Rialtas sin de Chónaidhm na Rúise.

   — An ceathrú cuid: Ní fhaigheann an t-iarratasóir aon tairbhe ó Rialtas Chónaidhm na Rúise. Ní fhaigheann an t-iarratasóir tairbhe eacnamaíoch ná tairbhe eile, trí Monolit Fonds ná trí shlí ar bith eile, ó Rialtas Chónaidhm na Rúise.

   — An cúigiú cuid: Tá na fíorais dá dtagraítear as dáta agus tar éis dul i léig agus ní bhaineann siad le hábhar ó thaobh na smachtbhannaí i gcoinne an iarratasóra (a shíneadh).

   — An séú cuid: Ní chomhlíonann an Chomhairle an dualgas cruthúnais atá uirthi. Ar aon chaoi, braitheann sí go hiomlán ar fhoinsí faisnéise atá claonta, míchruinn agus neamhdheimhnithe. Níl aon fhianaise oibiachtúil iontaofa maidir le líomhaintí na Comhairle.

2. An dara saincheist dlí: Níor éisteadh an t-iarratasóir agus níor cuireadh ar an eolas i gceart é – sárú ar an gceart chun triail chóir a fháil.

3. An tríú saincheist dlí: Sáraítear an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh tríd an t-iarratasóir a chur ar an liosta smachtbhannaí – Sárú ar Airteagail 6, 8, 16 agus 17, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 52, den Chairt.

4. An ceathrú saincheist dlí: Tá an téarmaíocht atá in úsáid i gCinneadh (CBES) Uimh. 2022/329 ([4]) chomh doiléir sin go ndéantar an Cinneadh a chur i bhfeidhm go treallach – Sárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla.

5. An cúigiú saincheist dlí: Tá na smachtbhannaí bunaithe ar idirdhealú. Ní fhorchuirtear smachtbhannaí ar dhaoine i gcásanna inchomparáide agus ní fhorchuirtear smachtbhannaí ar an iarratasóir ach toisc (1) gur duine saibhir é, (2) atá neodrach ó thaobh na polaitíochta de agus (3) gur fear gnó Rúiseach é.

6. An séú saincheist dlí: Ní mór a ordú don Chomhairle na costais a íoc, ar aon chaoi, ós rud é go raibh an t-iarratasóir den tuairim go raibh air na himeachtaí seo a thionscnamh toisc nach bhfuil an Chomhairle tar éis tabhairt faoina iarraidh ar athbhreithniú.

---

([1]) IO 2022 L 239, lch. 149.
([2]) IO 2022 L 239, lch. 1.
([3]) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 6).
([4]) Cinneadh (CBES) 2022/329 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 50, lch. 1).

---

## Caingean arna tabhairt an 8 Nollaig 2022 – bet365 Group v EUIPO (bet365)

## (Cás T-764/22)

(2023/C 35/99)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

Iarratasóir: bet365 Group Ltd (Stoke-on-Trent, an Ríocht Aontaithe) (ionadaithe: J. van Manen agus E. van Gelderen, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh leis na focail eilimintí "bet365" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 479 799

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCéathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 19 Meán Fómhair 2022 i gCás R 622/2022-4

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an Cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

### Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 9 Nollaig 2022 – Hoffmann v EUIPO – Moldex/Metric (Holex)**

**(Cás T-767/22)**

(2023/C 35/100)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Hoffmann GmbH Qualitätswerkzeuge (München, an Ghearmáin) (ionadaí: D. von Schultz, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Moldex/Metric AG & Co. KG (Walddorfhäslach, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "Holex" – Iarratas Uimh. 18 222 083

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 30 Meán Fómhair 2022 i gCás R 1248/2022-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid a diúltaíodh d'iarratas Uimh. 18 222 083 i ndáil leis na hearraí "mascanna riospráid, seachas le haghaidh riospráid shaorga", in Aicme 9 agus "Dáileoirí cosanta cluaise; Cosaint cluaise; Cosaint cluaise, go háirithe dalláin chluaise, cosaint éisteachtaí, capsúil (cosaint cluaise i gcluasáin)"

— diúltú don chur i gcoinne ina iomláine;

— a ordú do EUIPO costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Nollaig 2022 – Cogebi agus Cogebi v an Chomhairle**

**(Cás T-782/22)**

(2023/C 35/101)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Cogebi (an Bhruiséil, an Bheilg), Cogebi, a.s. (Tábor, Poblacht na Seice) (ionadaí: H. over de Linden, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Airteagal 3(i) de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014, [1] arna leasú le Rialachán (AE) 2022/1904 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise chun an staid san Úcráin a dhíchobhsú, [2] a mhéid a bhaineann sé le cuimsiú ar an liosta earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(i) de Rialachán (AE) 2022/1904 ón gComhairle (Iarscríbhinn XXI) den chód AC 6814, a neamhniú;

— a ordú don Chomhairle costais na n-imeachtaí seo a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar cheanglas riachtanach nós imeachta – an oibleagáid cúiseanna a lua.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh, dá dtagraítear in Airteagal 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart chun dea-riaracháin, dá dtagraítear in Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus sárú ar an gceart chun leigheas éifeachtach agus chun trialach córa a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt.

(1) IO 2014 L 229, lch. 1.
(2) IO 2022 L 259, lch. 3.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022 – Timberland Europe v an Coimisiún**

**(Cás T-782/16)** [1]

(2023/C 35/102)

*Teanga an cháis: an Béarla*

D'ordaigh Uachtarán an Séú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

(1) IO C 14, 16.1.2017.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 1 Nollaig 2022 – Foz v an Chomhairle**

**(Cás T-481/21)** [1]

(2023/C 35/103)

*Teanga an cháis: an Béarla*

D'ordaigh Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

(1) IO C 412, 11.10.2021.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 28 Samhain 2022 – Lilly Drogerie v EUIPO – Lillydoo (LILLYDOO kids)**

**(Cás T-150/22)** [1]

(2023/C 35/104)

*Teanga an cháis: an Béarla*

D'ordaigh Uachtarán an tOchtú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

---

(1) IO C 198, 16.5.2022.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA